Commission for
**Communications Regulation**
An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

# RÁITEAS STRAITÉISE MAIDIR LEIS AN bPOST

# 2022-2024

**Tagairt:** ComReg 21/122
**Dáta:** 01/12/2021

## Séanadh Dlíthiúil

Ní doiciméad ceangailteach dlí é an Ráiteas Straitéise seo agus ní chuimsítear ann comhairle dlí, comhairle tráchtála, comhairle airgeadais, comhairle theicniúil ná aon chomhairle eile ach oiread. Níl sé ina cheangal ar an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide agus ní gá go leagtar amach ann seasamh críochnaitheach nó cinntitheach an Choimisiúin i leith ábhair ar leith ach oiread. A mhéid a d'fhéadfadh aon neamhréireacht a bheith ann idir a bhfuil sa doiciméad seo agus feidhmiú cuí a chuid feidhmeanna agus cumhachtaí dó, agus idir comhall a dhualgas dó agus baint amach cuspóirí ábhartha faoin dlí, tá gach a bhfuil ann gan dochar do sheasamh dlíthiúil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide. Níor cheart, dá bhrí sin, spleáchas míchuí a leagan ar a bhfuil sa doiciméad seo.

## Faisnéis Bhreise

| Teideal | Doiciméad ComReg Uimh.: |
|---|---|
| An Ghairm Ionchur: An Straitéis maidir le Rialáil Poist | 21/67 |
| Aighneachtaí chuig an nGairm Ionchur: An Straitéis maidir le Rialáil Poist | 21/100s |
| Aighneacht chuig an gcomhairliúchán poiblí ar an Ráiteas Straitéise Beartaithe maidir leis an bPost 2022 - 2024 | 21/122s |
| Freagra ar an gComhairliúchán: Ráiteas Straitéise maidir leis an bPost 2022 - 2024 | 21/122a |

# ÁBHAR


**Forbhreathnú ar an Straitéis maidir leis an bPost** 5

**Réamhrá** 8

**Achoimre Fheidhmeach** 9

2.1 An Comhthéacs Straitéiseach 11

2.2 An Straitéis maidir leis an bPost – Spriocanna de réir an Rúin Straitéisigh 12

**An Comhthéacs Straitéiseach** 13

3.1 Treochtaí 14

3.2 Dúshláin 19

**An Straitéis maidir leis an bPost** 24

4.1 Rún Straitéiseach 1: Seirbhís poist uilechoiteann a chinntiú 26

4.2 Rún Straitéiseach 2: Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn 27

4.3 Rún Straitéiseach 3: Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn 27

**Rún Straitéiseach 1: Seirbhís poist uilechoiteann a chinntiú** 28

**Rún Straitéiseach 2: Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn** 35

**Rún Straitéiseach 3: Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn** 39

# IARSCRÍBHINN

**Iarscríbhinn 1.** Ról agus Misean, Fís agus Luachanna ComReg 44

# TÁBLA FÍORACHA

**Fíor 1.** Creat Straitéiseach ComReg 10
**Fíor 2.** Tá an tseirbhís poist uilechoiteann comhdhéanta de litreacha den chuid is mó 14
**Fíor 3.** Is litreacha intíre atá sa chuid is mó de litreacha seirbhíse poist uilechoitinne 15
**Fíor 4.** Laghdú sa líon litreacha seirbhíse poist uilechoitinne 15
**Fíor 5.** Caillteanais ar phost idirnáisiúnta isteach 21
**Fíor 6.** Is an-ard atá an caillteanas céatadánach ar phost idirnáisiúnta isteach 22
**Fíor 7.** Airgead Cuideachta An Post 23
**Fíor 8.** Creat Straitéiseach ComReg 25

# TÁBLA TÁBLAÍ

**Tábla 1.** Rúin Straitéiseacha ComReg 26

# RÁITEAS STRAITÉISE MAIDIR LEIS AN BPOST 2022-2024

## RÚN STRAITÉISEACH 1:
### Seirbhís poist uilechoiteann a chinntiú
*Tá seirbhís poist uilechoiteann ann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist*

#### SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA:

**SPRIOC 1** Seirbhís poist uilechoiteann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist a chinntiú

**SPRIOC 2** Ainmniú soláthraí/soláthraithe seirbhíse poist uilechoitinne a bhreithniú

**SPRIOC 3** Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas seirbhíse poist uilechoitinne

## RÚN STRAITÉISEACH 2:
### Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn
*Is féidir le húsáideoirí seirbhíse poist seirbhísí poist a roghnú agus a úsáid go muiníneach*

#### SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA:

**SPRIOC 4** Úsáideoirí seirbhíse poist a chumhachtú trína chinntiú go mbeidh faisnéis chruinn chuí ar fáil

**SPRIOC 5** Úsáideoirí seirbhíse poist a chosaint trína chinntiú go mbeidh nósanna imeachta gearáin agus sásaimh ar fáil

**SPRIOC 6** Idirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí sainleasa tomhaltóirí

## RÚN STRAITÉISEACH 3:
### Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn
*Earnáil poist a sholáthraíonn seirbhísí ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus roghanna*

#### SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA:

**SPRIOC 7** Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn trí thaighde, sonraí agus faisnéis a sholáthar

**SPRIOC 8** Forbairt na hearnála poist a éascú trínár sainchúram dlíthiúil a chomhlíonadh


**SPRIOC 9** Forbairt na hearnála poist a éascú trí shainchúraimí eile a dhéanann difear don earnáil poist a bhreithniú

# CAIBIDIL 1
# RÉAMHRÁ

1.1 Is é an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ("ComReg") rialálaí na seirbhísí poist in Éirinn. Is as an Acht Poist, ar Treoir Eorpach a trasuíodh i ndlí na hÉireann é, a thagann an sainchúram atá orainn an post a rialáil[1]. Is é ról ComReg a chinntiú go bhfeidhmíonn na margaí cumarsáide ar mhaithe leis na húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí. Trí rialáil éifeachtach agus ábhartha, déanaimid an fhorbairt ar earnáil cumarsáide iomaíoch in Éirinn a éascú, earnáil a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht, agus a thugann cumhacht do thomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

1.2 Maidir le ról rialála ComReg i leith an phoist, baineann sé den chuid is mó le seirbhís poist uilechoiteann, ar tacar seirbhísí poist í nach ndéileálann ach le méid beag iomaíochta. In éagmais iomaíochta éifeachtaí, cinntíonn rialáil na seirbhíse poist uilechoitinne go soláthraítear seirbhísí sonracha poist do gach duine ar phraghas inacmhainne agus de réir leibhéal leordhóthanach cáilíochta. In Éirinn, tá an tseirbhís poist uilechoiteann comhdhéanta den chuid is mó de litreacha a sheachadadh ar dhaoine aonair agus ar ghnólachtaí. Is beag beartán a sheachadtar laistigh den tseirbhís poist uilechoiteann, ós rud é gur seirbhís tráchtála den chuid is mó a chuimsíonn a lán oibritheoirí difriúla seachadta beartán in Éirinn é seachadadh beartán.

1.3 Leis an Acht Poist, socraítear rialáil na seirbhíse poist uilechoitinne agus ainmníodh An Post chun an tseirbhís poist uilechoiteann a sholáthar go dtí an bhliain 2023. Mar thoradh air sin, áirítear na nithe seo a leanas le ról ComReg:




1.4 De bhreis ar an tseirbhís uilechoiteann agus an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne a rialáil, tá ról ag ComReg i réiteach díospóide tomhaltóirí do gach soláthraí seirbhíse poist. Fágann sé sin go bhféadfaidh ComReg cabhrú leis an díospóid a réiteach mura bhfuil úsáideoir seirbhíse poist sásta leis na bearta uile atá déanta ag soláthraí údaraithe seirbhíse poist chun an gearán uaidh nó uaithi a réiteach[2].

1.5 Níl aon ról ag ComReg sna nithe seo a leanas:

- seirbhísí éagsúla neamhphoist a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse poist iad;
- cinntí oibríochtúla maidir leis an líonra postoifigí. Is é An Post a dhéanann na cinntí sin;
- Éirchód – is freagracht í sin de chuid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide;
- ceadú praghsála a dhéanamh ar phraghsanna na seirbhíse poist uilechoitinne. Is é An Post, an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne, a chinneann na praghsanna sin.

1.6 Ceanglaítear ar ComReg an straitéis le haghaidh rialáil poist uaidh a shocrú gach dhá bhliain. Chuir ComReg tús leis an bpróiseas sin trí Ghairm Ionchur[3]. Leanadh leis an bpróiseas sin ach comhairliúchán poiblí a sheoladh ar an Ráiteas Straitéise beartaithe maidir leis an bPost[4] agus tugtar chun críche é leis an Ráiteas Straitéise seo maidir leis an bPost.

1 An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011, arna leasú.
2 Féach https://www.comreg.ie/ga/eolas-tomhaltora/post/reitigh-diospoide/
3 Doiciméad ComReg Uimh. 21/67 - https://www.comreg.ie/publication/call-for-inputs-postal-regulation-strategy
4 Doiciméad ComReg Uimh. 21/100 - https://www.comreg.ie/media/2021/10/ComReg-21100.pdf

1.7 Is am foirfe é seo do ComReg an straitéis le haghaidh rialáil poist uaidh a athbhreithniú ós rud é gurb é an toradh atá ar na dúshláin neamhghnácha a d'eascair as paindéim Covid-19 go ndearnadh tábhacht an phoist mar sheirbhís bhunriachtanach a dheimhniú agus a threisiú. Ag an am céanna, chuir an phaindéim dlús le treocht na cumarsáide digití méadaithe agus leis an bhfás mear sa tsiopadóireacht ar líne ar an earnáil poist.

Tá na tionchair seo a leanas ar an earnáil poist ag na treochtaí sin:

- Bíonn an méadú i gcumarsáidí digiteacha ag laghdú an éilimh ar litreacha. Cruthaíonn sé sin dúshláin don earnáil poist agus an gá leantach le seachadadh éifeachtúil an lín níos ísle litreacha a bhrú chun cinn.
- Bíonn an tsiopadóireacht ar líne ag méadú an éilimh ar bheartáin. Cruthaíonn sé sin deiseanna agus dúshláin araon don earnáil poist maidir le líon níos airde beartán a sheachadadh ar bhealach atá éifeachtúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

1.8 Tá an Ráiteas Straitéise seo maidir leis an bPost ina léiriú orthu seo:

- breithniú ar na hionchuir a fuarthas[5] agus an freagra ar an gcomhairliúchán poiblí[6] chun eolas a dhéanamh don Ráiteas Straitéise seo maidir leis an bPost. Pléitear iad sin nuair is ábhartha;
- an earnáil poist athraithe;
- na dúshláin atá roimh an earnáil poist san am i láthair agus sa todhchaí.

5 Fuarthas ionchuir uathu seo a leanas agus tá siad foilsithe faoin teideal 'Doiciméad ComReg Uimh. 21/100s': (1) Aoisbhá Éireann / Comhairle na nDaoine Scothaosta; (2) An Post; (3) Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann ("CAI"); (4) Chambers Ireland; (5) Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann ("IBEC"); (6) Nasc Tuaithe na hÉireann ("IRL"); (7) Duine den phobal; (8) Duine den phobal; agus (9) UPS

6 An Post – atá foilsithe faoin teideal 'Doiciméad ComReg Uimh. 21/122s'. Tá an Freagra ar an gComhairliúchán foilsithe faoin teideal 'Doiciméad ComReg Uimh. 21/122a'

CAIBIDIL 2


# ACHOIMRE FHEIDHMEACH

2.1 Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as rialáil na seirbhísí poist i bPoblacht na hÉireann[7]. Maidir leis na feidhmeanna reachtúla agus na cuspóirí reachtúla atá ag ComReg i leith an phoist, socraítear iad le reachtaíocht de chuid na hÉireann ("an tAcht Poist")[8] lenar trasuíodh Treoir Eorpach[9].

2.2 Ceanglaítear ar ComReg an straitéis le haghaidh rialáil poist uaidh a shocrú gach dhá bhliain[10].

2.3 Tríd an straitéis le haghaidh rialáil seirbhísí poist uainn a shocrú don tréimhse 2022 - 2024, tá ár gCreat Straitéiseach mar a leanas.

*Fíor 1. Creat Straitéiseach ComReg*




2.4 Socraíodh ár Misean agus ár Ról, ár bhFís agus ár Luachanna sa Ráiteas Straitéise um an Earnáil Cumarsáide Leictreonaí a d'fhoilsíomar le déanaí[11], mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn 1. Baineann siad sin leis an rialáil poist freisin.

2.5 I gcás na rialála poist, is as ár sainchúram dlíthiúil a thagann na huirlisí atá againn chun ár ról a chomhlíonadh agus is féidir iad a chatagóiriú ina gceithre réimse leathana:




7 Is lasmuigh den sainmhíniú ar "seirbhísí poist" atá na seirbhísí airgeadais uile agus na seirbhísí neamhphoist eile uile a sholáthraítear ag "postoifigí" agus, dá bhrí sin, tá na seirbhísí sin lasmuigh de shainchúram rialála ComReg.
8 An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011, arna leasú.
9 Cuireadh na cuspóirí le haghaidh rialáil seirbhísí poist chun feidhme i ndlí an Aontais Eorpaigh tríd an Treoir Eorpach maidir le Seirbhísí Poist – Treoir 97/67/CE. Leis an Treoir sin, bunaíodh creat rialála le haghaidh seirbhísí poist san Eoraip. Leasaíodh é le Treoir 2002/39/CE agus le Treoir 2008/6/CE.
10 Is féidir an Ráiteas Straitéise deireanach maidir leis an bPost 2020 – 2022 ó ComReg a léamh ag https://www.comreg.ie/media/2019/12/ComReg-19113DESIGN.pdf.
11 Doiciméad ComReg Uimh. 21/70 - https://www.comreg.ie/publication/electronic-communications-strategy-statement-2021-2023

2.6 Rud atá mar bhonn agus thaca ag ár gcumas chun ár ról a chomhlíonadh is ea tuiscint chuimsitheach a ghnóthú ar an earnáil. Déanaimid an méid sin trí na nithe seo a leanas:


- idirchaidreamh éifeachtach le geallsealbhóirí;
- bailiú láidir sonraí agus anailís láidir sonraí.

2.7 Socraíodh an Ráiteas Straitéise seo maidir leis an bPost trí na nithe seo a leanas:

- plé ar an gcomhthéacs straitéiseach, na príomhthreochtaí agus na príomhdhúshláin a mhúnlaíonn an earnáil poist[12];
- sraith Spriocanna, mar thoradh ar an gcomhthéacs straitéiseach sin, atá eagraithe de réir an Rúin Straitéisigh.

## 2.1 An Comhthéacs Straitéiseach

2.8 Shainaithníomar trí phríomhthreocht atá ag múnlú na hearnála poist agus ar dóigh dóibh leanúint leis an earnáil poist a mhúnlú. Is iad sin:




2.9 De bharr na dtrí phríomhthreocht sin agus de bharr tosca eile, shainaithníomar na ceithre phríomhdhúshlán seo a leanas:




2.10 Chun aghaidh a thabhairt ar na treochtaí agus na dúshláin, is gá do roinnt páirtithe difriúla dul i mbun gnímh. I gcás go bhfuil ról ag ComReg in aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin nó go bhfuil sé de shainchúram air déanamh amhlaidh, chuireamar san áireamh iad sin agus ár Spriocanna á bhforbairt againn mar a leanas.

12 Lena n-áirítear plé ar ionchuir ábhartha ó gheallsealbhóirí

## 2.2 An Straitéis maidir leis an bPost – Spriocanna de réir an Rúin Straitéisigh

### Rún Straitéiseach 1 – Seirbhís poist uilechoiteann a chinntiú

*Tá seirbhís poist uilechoiteann ann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist*

**SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA:**

**SPRIOC 1** Seirbhís poist uilechoiteann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist a chinntiú

**SPRIOC 2** Ainmniú soláthraí/soláthraithe seirbhíse poist uilechoitinne a bhreithniú

**SPRIOC 2** Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas seirbhíse poist uilechoitinne

### Rún Straitéiseach 2 – Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn

*Is féidir le húsáideoirí seirbhíse poist seirbhísí poist a roghnú agus a úsáid go muiníneach*

**SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA:**

**SPRIOC 4** Úsáideoirí seirbhíse poist a chumhachtú trína chinntiú go mbeidh faisnéis chruinn chuí ar fáil

**SPRIOC 5** Úsáideoirí seirbhíse poist a chosaint trína chinntiú go mbeidh nósanna imeachta gearáin agus sásaimh ar fáil

**SPRIOC 6** Idirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí sainleasa tomhaltóirí

### Rún Straitéiseach 3 – Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn

*Earnáil poist a sholáthraíonn seirbhísí ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus roghanna*

**SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA:**

**SPRIOC 7** Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn trí thaighde, sonraí agus faisnéis a sholáthar

**SPRIOC 8** Forbairt na hearnála poist a éascú trínár sainchúram dlíthiúil a chomhlíonadh

**SPRIOC 9** Forbairt na hearnála poist a éascú trí shainchúraimí eile a dhéanann difear don earnáil poist a bhreithniú

## CAIBIDIL 3

# AN COMHTHÉACS STRAITÉISEACH

3.1 Chun eolas a dhéanamh don straitéis uainn, breithnímid comhthéacs straitéiseach na hearnála poist ar dtús. Sainaithnítear leis an gcomhthéacs straitéiseach sin na príomhthreochtaí agus na príomhdhúshláin a bhaineann leis an earnáil poist.

## 3.1 Treochtaí


3.2 Shainaithníomar trí phríomhthreocht. Is iad sin:

### 1) Laghdú leantach i méideanna litirphoist

3.3 Seachadann An Post an chuid is mó den litirphost. Baineann an chuid is mó den litirphost leis an ngnó, mar shampla billí agus ráitis. Bíonn bainc, fóntais agus an rialtas freagrach as an gcuid is mó den litirphost a sheoltar. Bíonn líon níos lú litreacha á seoladh ag na seoltóirí móra litreacha sin toisc go mbítear ag seoladh cumarsáidí digiteacha in ionad na litreacha sin i líon méadaitheach cásanna; mar shampla, cuntais ar líne agus ríomhphost. D'fhéadfadh an meath sa litirphost dul in olcas tuilleadh. Mar shampla, tá an Stát ag déanamh iniúchadh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as bosca poist digiteach[13].

3.4 Tá sé tábhachtach a thuiscint cén tionchar a bheidh ag an treocht sin ar an tseirbhís poist uilechoiteann toisc go bhfuil an oibleagáid seirbhíse poist uilechoitinne comhdhéanta de litreacha den chuid is mó, mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 2.

*Fíor 2. Tá an tseirbhís poist uilechoiteann comhdhéanta de litreacha den chuid is mó*




Foinse: Anailís ComReg ar Chuntais Rialála An Post


3.5 Cuirtear an chuid is mó de na litreacha seirbhíse poist uilechoitinne sin leis an bpost in Éirinn lena seachadadh in Éirinn ("intíre"), mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 3 thíos.



Baineann an chuid is mó den litirphost leis an ngnó, mar shampla billí agus ráitis.

13 Is rogha eile ar phost fisiciúil a sheachadadh é Bosca Poist Digiteach. Cuirfear ar chumas Comhlachtaí Earnála Poiblí leis litreacha, teachtaireachtaí agus doiciméid a sheoladh go leictreonach ar bhealach sábháilte éifeachtúil - https://digitalpostbox.ie/


*Fíor 3. Is litreacha intíre atá sa chuid is mó de litreacha seirbhíse poist uilechoitinne*




Foinse: Anailís ComReg ar Chuntais Rialála An Post

3.6 Is díol spéise laistigh den tseirbhís poist uilechoiteann go bhfuil meath tagtha ar an líon litreacha[14], áfach. Mar sin féin, baineann an chuid is mó den mheath sin le litreacha isteach, mar atá litreacha a chuirtear leis an bpost i dtíortha eile lena seachadadh in Éirinn. Sa bhliain 2020, ní raibh ach meath beag ann sa líon litreacha seirbhíse poist uilechoitinne intíre, mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 4.

*Fíor 4. Laghdú sa líon litreacha seirbhíse poist uilechoitinne*




Foinse: Anailís ComReg ar Chuntais Rialála An Post

3.7 Dá bhrí sin, tá seans ann go bhfuil treocht na laghduithe sa líon litreacha sa tseirbhís poist uilechoiteann ag cobhsú. Is díol spéise atá sa treocht sa líon litreacha don bhliain 2021, go háirithe ós rud é gur ardaíodh praghas na litreacha stampáilte sa tseirbhís poist uilechoiteann i mí na Bealtaine 2021[15].

14 Léirítear méadú sna figiúirí don bhliain 2019 toisc gur athaicmíodh seirbhísí áirithe bulcphoist chun go gcuirfí ar áireamh iad laistigh den tseirbhís poist uilechoiteann.

15 Ní raibh ann ardú ann i bpraghas na litreach stampáilte idir an bhliain 2018 agus an bhliain 2020.

Tríd is tríd, baineann seoltóirí móra litreacha (bainc, fóntais, an rialtas) úsáid as seirbhís litreacha lena seachadadh laistigh de thrí lá oibre.



## 2) An meascán athraitheach litirphoist agus luas an tseachadta

3.8 Tríd is tríd, baineann seoltóirí móra litreacha (bainc, fóntais, an rialtas) úsáid as seirbhís litreacha lena seachadadh laistigh de thrí lá oibre. Praghsáiltear an tseirbhís sin ar lascaine mhór ar phraghas sheachadadh an chéad lae eile. Ní seirbhís poist uilechoiteann í an tseirbhís sin. Ina ionad sin, is seirbhís tráchtála í do na seoltóirí móra litirphoist sin. Mar thoradh air sin, ní sheoltar an chuid is mó den litirphost ach seachadadh an chéad lae eile a úsáid.

3.9 I láthair na huaire, is trí sheachadadh an chéad lae eile amháin is féidir an litirphost píosa aonair a sheolann an pobal i gcoitinne agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide ("FBManna") a sheoladh. Níl aon seirbhís ar fáil don phobal i gcoitinne lena dtairgtear an rogha chun luas seachadta níos moille a úsáid (ar phraghas níos ísle).

3.10 Bhreithnigh An Post an meascán athraitheach litirphoist sin agus luas an tseachadta. Chuir An Post in iúl do ComReg go bhfuil sé de rún aige seirbhís nua litirphoist a thairiscint don phobal i gcoitinne, áit a seachadfar an post laistigh de dhá lá oibre[16]. Bheadh an tseirbhís sin de bhreis ar sheirbhís riachtanach sheachadadh an chéad lae eile. San aighneacht uaidh, d'iarr An Post ar ComReg an tseirbhís bheartaithe sin lena seachadfar litreacha píosa aonair laistigh de dhá lá oibre a chur leis an tseirbhís poist uilechoiteann.

3.11 Cuireadh fáilte in aighneachtaí áirithe chuig an nGairm Ionchur ó ComReg[17] roimh an togra ó An Post go mbeadh rogha ag daoine go seachadfaí litirphost laistigh de dhá lá oibre. Luadh i roinnt díobh gur thionscnamh é sin a bheadh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil é sin toisc nach mbeadh ar dhuine an phoist litirphost a sheachadadh ar an teach/ar an ngnólacht gach lá oibre.


3.12 Luadh in aighneachtaí eile chuig an nGairm Ionchur ó ComReg[18] an tábhacht leantach do sheachadadh an chéad lae eile dóibh seo a leanas:

- gnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide;
- úsáideoirí áirithe, go háirithe daoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste digiteach.

3.13 Tá na haighneachtaí sin ag teacht le fionnachtana an taighde[19] ar shampla ionadaíoch aosach in Éirinn (tabhair faoi deara nach ndearnadh suirbhé ar FBManna sa taighde; is úsáideoirí móra poist iad FBManna):

- Luann seachtar as gach deichniúr gur rud tábhachtach dóibh é seachadadh litirphoist an chéad lae eile;
- Leagann daoine os cionn 50 bliain d'aois an tábhacht is mó ar sheachadadh litirphoist an chéad lae eile;
- Measann naonúr as gach deichniúr nach mór an seoladh litreacha a choinneáil ar phraghas inacmhainne;
- Measann seisear as gach deichniúr, beagnach, gur luas réasúnach seachadta le haghaidh litirphoist é dhá lá oibre tar éis a sheolta, mar is féidir a fheiceáil thíos:

16 Curtha in iúl ag An Post do ComReg an 30 Meán Fómhair 2020 – féach Sceidil 28 agus 29 https://www.comreg.ie/media/2020/10/200930_An_Post_Notification_Declaration.pdf
17 An Post, Chambers Ireland, IBEC
18 Aoisbhá Éireann / Comhairle na nDaoine Scothaosta, Chambers Ireland, CAI, Nasc Tuaithe na hÉireann
19 Coimisiúnaithe ag ComReg agus seolta ag B&A – féach Doiciméad ComReg Uimh. 21/100a - https://www.comreg.ie/media/2021/10/ComReg-21100a.pdf




Foinse: B&A – C. Maidir le luas seachadta an litirphoist, cén gá réasúnach atá agat?

## 3) Iomaíocht leantach agus fás leantach san earnáil beartán

3.14 Earnáil iomaíoch atá ag fáis is ea an earnáil seachadta beartán. Is í an ríomhthráchtáil an phríomhthoisc taobh thiar den fhás. Aimsíodh i dtaighde a rinneadh le déanaí[20] an dinimic seo a leanas ar iomaíocht agus ar fhás in earnáil seachadta beartán na hÉireann:

(a) **Tá an chuma air go bhfuil ag laghdú ar an gcomhchruinniú earnála:** Tháinig laghdú 7% ar sciar na gceithre oibritheoir is mó de réir luacha idir an bhliain 2013 agus an bhliain 2019, agus tháinig méadú faoi bhun 1% air ó thaobh méid de. Tháinig athrú idir an bhliain 2013 agus an bhliain 2019 ar chomhdhéanamh na gceithre oibritheoir is mó de réir méid. Gné thábhachtach den earnáil fós is ea líon mór sainoibritheoirí beaga.

(b) **Chuaigh oibritheoirí nua isteach san earnáil le blianta beaga anuas:** Oibríonn Amazon trádstóras seachadta i mBaile Átha Cliath le haghaidh táirgí áirithe dá chuid. Baineann an tseirbhís seachadta sin úsáid as 'comhpháirtithe seachadta Amazon' atá ar bheagscála.

(c) **Tá an chuma air go bhfuil dianú tagtha ar an iomaíocht praghsanna idir oibritheoirí:** Níl athrú tagtha ar an bpraghas in aghaidh an bheartáin le cúig bliana anuas nó tá laghdú tagtha air, fiú.

(d) **Tá an chuma air go bhfuil dea-thuiscint ag oibritheoirí ar riachtanais díoltóirí ríomhthráchtála, agus taispeánann díoltóirí dea-thuiscint ar riachtanais tomhaltóirí:** Tá ardleibhéal sástachta le hoibritheoirí seachadta beartán ann i measc cuideachtaí ríomhthráchtála agus FBManna. Tá an leibhéal sástachta níos ísle i dtaca le seachadtaí idirnáisiúnta, áfach.

3.15 Dar leis An Post agus le Chambers Ireland, taispeánann na fionnachtana taighde sin gur ag fás agus iomaíoch atá earnáil seachadta beartán na hÉireann.

20 Coimisiúnaithe ag ComReg agus seolta ag Frontier Economics / B&A. Féach Doiciméad ComReg Uimh. 21/59 - https://www.comreg.ie/publication/e-commerce-parcel-delivery-in-ireland-report?pub_type=research

3.16 Chuir An Post agus UPS araon in iúl nach bhfuil aon ghá ann le tuilleadh rialála ar sheachadadh beartán.

3.17 Mar sin féin, cuireadh roinnt ábhar imní in iúl faoin iomaíocht leantach agus faoin bhfás leantach san earnáil beartán.

3.18 Chuir Chambers Ireland agus An Post araon ábhair imní in iúl faoi na conarthaí difriúla fostaíochta a mbaineann oibritheoirí seachadta beartán áirithe úsáid astu:

- Chambers Ireland: *" ... is minic a bhaineann imreoirí nua a théann isteach sa deighleog beartán úsáid as samhlacha nua gnó, amhail teicneolaíochtaí nua agus conarthaí difriúla fostaíochta. Is sampla de dhá ghnólacht a bhaineann úsáid as rátaí iomaíocha úsáideoirí agus as conarthaí iomaíocha agus nach rialáiltear go feadh an mhéid chéanna iad Amazon agus Fastway Couriers. Cruthaíonn sé sin arbatráiste rialála mórscála, trína mbaineann na gnólachtaí sin leas as na rialacha agus na rialacháin chun iomaitheoirí a shárú – An Post, sa chás seo."*
- An Post: *"Leanfaidh An Post le troid in aghaidh mhíchuibhis an gheilleagair poistíneachta agus, i gcodarsnacht leis sin, cuirfidh sé dínit ghairm an phoist agus meas uirthi chun cinn ar mhaithe le fostaithe agus le custaiméirí araon."*

3.19 Cuireadh ábhair imní in iúl freisin faoin tionchar comhshaoil a bheidh ag an bhfás sa líon seachadtaí beartán:

- Chambers Ireland: *"... tá ag athruithe sa mheascán táirgí (ó litreacha go beartáin) impleachtaí tábhachtacha do lorg comhshaoil na n-oibritheoirí poist toisc go dteastaíonn ó sheachadadh beartán acmhainn lóistíochta agus iompair atá i bhfad níos mó ná an méid a theastaíonn ó sheachadadh litreacha, rud a chruthaíonn dúshlán d'oibritheoirí poist ó thaobh laghdú a loirg comhshaoil de. Sa bhliain 2020, thuairiscigh An Post go raibh méadú beag in astaíochtaí aige. Bhain 3,300 tonna carbóin go sonrach leis an méadú sa líon seachadtaí beartán toisc gur dúnta a bhí líonraí fisiciúla miondíola. Cé gur mhéadaigh An Post an líon feithiclí leictreacha atá aige, is cuid shuntasach dá fhlít fós iad feithiclí díosail, rud a fhágann go bhfuil astaíochtaí carbóin gaolmhara ann. Beidh sé riachtanach dul i ngleic leis sin go práinneach má tá an soláthraí náisiúnta le fanacht ar an mbóthar ceart lena straitéis dícharbónaithe."*

3.20 Mar thoradh ar an bhfás sa líon beartán, is dúshlán d'oibritheoirí seachadta beartán é inbhuanaitheacht comhshaoil.

3.21 Is ann freisin don dúshlán leanúnach d'oibritheoirí seachadta beartán a bhaineann le beartáin ón mBreatain Mhór, ag teacht sna sála ar imeacht na Breataine Móire ón Aontas Eorpach agus ceanglais an Aontais Eorpaigh faoi Chustam 2020[21]. Cruthaíonn sé sin dúshláin d'oibritheoirí seachadta beartán maidir le dearbhuithe custam agus íocaíochtaí custam toisc go gceanglaítear leis na ceanglais nua chustam[22] ríomhfhaisnéis bhreise faoi earraí a thagann isteach in Éirinn ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach.



Earnáil iomaíoch atá ag fáis is ea an earnáil seachadta beartán. Is í an ríomhthráchtáil an phríomhthoisc taobh thiar den fhás.

21 https://ec.europa.eu/taxation_customs/national-authorities/customs-2020_en
22 Níl aon sainchúram ar ComReg i dtaca leis an gcreat Custaim i leith seirbhísí poist

## 3.2 Dúshláin

3.22 De bharr na dtrí phríomhthreocht sin agus de bharr tosca eile, shainaithníomar na ceithre phríomhdhúshlán seo a leanas:

### 1) Freagairt do riachtanais úsáideoirí a bhíonn ag athrú

3.23 Bíonn riachtanais úsáideoirí ag athrú. De bharr cumarsáidí digiteacha, níl úsáideoirí ag brath an mhéid chéanna ar litreacha. De bharr ríomhthráchtáil mhéadaithe, áfach, tá úsáideoirí ag brath níos mó ar sheachadadh beartán. Tar éis na paindéime, is seirbhís níos bunriachtanaí atá sa seachadadh náisiúnta beartán.

**LITREACHA:**

3.24 Bíonn ag laghdú ar an úsáid a bhaintear as litreacha. Is dúshlán do An Post go príomha é sin toisc gurb é an seachadóir litirphoist is mó in Éirinn é. Go dtí seo, d'ardaigh An Post a phraghsanna den chuid is mó chun an t-ioncam caillte ón líon níos ísle litreacha a laghdú.

3.25 Rogha eile is ea costais a shábháil trí scrúdú a dhéanamh ar dhearadh a líonra poist le haghaidh líon níos ísle litreacha. Tá An Post ag fiosrú na rogha sin faoi láthair, agus é beartaithe aige seirbhís nua a thabhairt isteach lena seachadfar litreacha píosa aonair laistigh de dhá lá. Tá sé beartaithe ag An Post a líonra poist a athdhearadh ar bhonn an ráta glactha leis an tseirbhís nua litirphoist sin i measc an phobail i gcoitinne agus FBManna. Dar leis An Post, thiocfadh coigiltí costais as athdhearadh a líonra poist.

3.26 In aighneachtaí áirithe chuig an nGairm Ionchur ó ComReg[23] iarradh ar ComReg an tseirbhís nua litirphoist sin a chur leis an tseirbhís poist uilechoiteann. Dar leis An Post, is é an toradh a bheidh air sin ná go ndéanfar *"inbhuanaitheacht fhadtéarmach na seirbhíse poist uilechoitinne a chinntiú, agus coigiltí costais agus tairbhí comhshaoil á soláthar trí sheirbhís a bhfuil minicíocht níos ísle aici a thabhairt isteach, de bhreis ar sheirbhís an chéad lae eile a choinneáil ar bun do chustaiméirí ar mhaith leo í nó a dteastaíonn sí uathu."*

3.27 Luadh in aighneachtaí áirithe[24] go bhfuil seachadadh litreacha an chéad lae eile ina rud tábhachtach fós, mar shampla, d'fhiontair bheaga agus d'úsáideoirí atá ag fáil comhfhreagras Stáit agus comhfhreagras leighis. Maidir le comhfhreagras Stáit agus comhfhreagras leighis, is dóigh go n-aistreofar é sin chuig ríomhchumarsáid sa todhchaí[25]. Ní heol luas an aistrithe sin ach thaispeáin cumarsáidí faoi vacsaíniú Covid-19, mar shampla, gur féidir an chumarsáid dhigiteach a úsáid go rathúil le haghaidh comhfhreagras Stáit.

**BEARTÁIN:**

3.28 Bíonn an líon beartán a sheoltar ag méadú de réir mar a mhéadaíonn an ríomhthráchtáil. Faigheann an pobal an chuid is mó de bheartáin. Tugadh faoi deara i dtaighde[26] agus in aighneachtaí[27] go bhfuil dinimic iomaíoch láidir ann sa seachadadh beartán, áit a bhfuil a lán oibritheoirí ag seachadadh beartán thar ceann cuideachtaí ríomhthráchtála.

3.29 Luadh in aighneachtaí áirithe[28] gurb ann do ghá níos mó le soiléire ar conas a rialáiltear seachadtaí beartán. Ar na nithe atá le breithniú anseo tá an gaol conarthach, mar shampla idir an t-úsáideoir mar fhaighteoir, an chuideachta ríomhthráchtála mar sholáthraí don úsáideoir, agus an t-oibritheoir seachadta beartán mar sholáthraí don chuideachta ríomhthráchtála.

23 An Post, Chambers Ireland, IBEC
24 Aoisbhá Éireann / Comhairle na nDaoine Scothaosta, Chambers Ireland, Nasc Tuaithe na hÉireann
25 Tá an Stát ag déanamh iniúchadh ar Bhosca Poist Digiteach a úsáid mar rogha eile ar phost fisiciúil a sheachadadh. Cuirfear ar chumas Comhlachtaí Earnála Poiblí leis litreacha, teachtaireachtaí agus doiciméid a sheoladh go leictreonach ar bhealach sábháilte cost-éifeachtúil - https://digitalpostbox.ie
26 Coimisiúnaithe ag ComReg agus seolta ag Frontier Economics / B&A. Féach Doiciméad ComReg Uimh. 21/59 - https://www.comreg.ie/publication/e-commerce-parcel-delivery-in-ireland-report?pub_type=research
27 An Post, UPS
28 Duine den phobal, Nasc Tuaithe na hÉireann

## 2) Freagairt do dhúshláin a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil

3.31 Aithnítear nach mór don earnáil poist tacú le cuspóirí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe maidir le gníomhú ar son na haeráide (Sprioc 13) agus iad a chur ar aghaidh[29]. Tá tionchar ag an méadú sa líon seachadtaí beartán ar spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil, mar shampla astaíochtaí carbóin agus tosca geilleagair chiorclaigh. Tá oibritheoirí seachadta poist agus oibritheoirí seachadta beartán i mbun gnímh cheana féin agus ag lorg tuilleadh dóigheanna ar féidir leo freagairt don dúshlán.

3.32 Mar a luaigh Chambers Ireland: *"Tá an bunathrú glas ina dhúshlán suntasach do sheirbhísí poist, toisc go bhfuil an gnó beartán ag fás ag an am céanna agus go mbíonn an líon seachadtaí ag méadú de shíor. Léirítear i staidéir go méadaíonn seachadadh na 'lúibe logánta' astaíochtaí CO2 agus plódú tráchta i limistéir uirbeacha go mór. Beidh an 'lúb logánta' ina húdar coimhlinte sa todhchaí nuair a bheifear ag iarraidh déileáil leis an dá fhadhb inbhuanaitheachta comhshaoil sin …"*

3.33 Chuir An Post, Chambers Ireland agus Nasc Tuaithe na hÉireann in iúl go bhfuil an t-aistriú chuig feithiclí leictreacha agus an úsáid leantach rothar (leictreach) i limistéir uirbeacha ag cabhrú leis an tseirbhís poist déileáil le dúshláin inbhuanaitheachta.


3.34 Chuir UPS in iúl freisin go bhfágfadh na moil lóistíochta uirbeacha atá á bhforbairt aige go sórtálfar beartáin laistigh de chathracha agus go mbeidh níos lú plódaithe ann ar theacht isteach i gcathracha agus ar theacht amach astu dá bharr.

3.35 Chuir Chambers Ireland agus UPS in iúl go bhfuil tuilleadh taisceadán beartán ag teastáil mar réiteach lúibe logánta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Chuir UPS in iúl go bhfuil gá ann le *"próisis shimplí um cheadú pleanála lena gcruthófar iomaíocht chothrom thrédhearcach le seirbhísí poist nach gá dóibh faoi láthair cead pleanála a fháil le haghaidh a dtaisceadán".*

3.36 Maidir le tosca geilleagair chiorclaigh, chuir An Post in iúl go *"[d]tacaíonn sé le hábhair phacáistíochta a íoslaghdú agus is é sin an fáth a bhfuil sé beartaithe aige praghsanna méidbhunaithe (an toirt á léiriú ina litir) a thabhairt isteach, rud lena spreagfar méideanna níos lú pacáistíochta a úsáid".*

3.37 Maidir le rochtain ar bhonneagar lúibe logánta a oscailt chun seachadadh inbhuanaithe a chur chun cinn, ní dhéanfadh sé sin difear dearfach don inbhuanaitheacht, dar leis An Post, ach amháin mura mbeadh bonneagar lúibe logánta An Post le haghaidh seachadadh beartán ag oibriú ar a lánacmhainn. Ina theannta sin, níl sé soiléir, dar leis An Post, go mbeadh éileamh ann ar rochtain ar líonra lúibe logánta An Post. Is amhlaidh sin toisc go dteastaíonn ó oibritheoirí seachadta beartán bheith in ann gach ceann dá seachadtaí a rialú agus a rianú agus, mar sin de, ní dóigh go mbeidh siad ag iarraidh rialú oibríochtúil ar an gcéim deiridh den seachadadh a chailleadh.

Tá tionchar ag an méadú sa líon seachadtaí beartán ar spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil




29 https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/

3.38 Tá sé soiléir ó na nithe thuas go bhfuil oibritheoirí seachadta poist agus oibritheoirí seachadta beartán ag freagairt don dúshlán sin. Tá sé sin ina phríomhdhúshlán san am i láthair agus beidh sé ina phríomhdhúshlán sa todhchaí mar thoradh ar chuspóirí uaillmhianacha na hÉireann um ghníomhú ar son na haeráide, ar cuspóirí iad a eascraíonn as an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021[30].

## 3) Caillteanais ar phost Idirnáisiúnta Isteach a laghdú

3.39 Cuirtear post idirnáisiúnta leis an bpost i dtíortha eile lena sheachadadh in Éirinn. Aisghabhann An Post costas an phoist sin trí chomhaontuithe dírí foirceannaidh. I roinnt cásanna, déanann An Post na dírí foirceannaidh sin a shocrú agus a chomhaontú. I gcásanna eile, is comhaontú é idir mórán oibritheoirí poist náisiúnta. Ar an iomlán, níl na comhaontuithe dírí foirceannaidh ag clúdach na gcostas a thabhaíonn An Post. Tá an scéal sin amhlaidh le roinnt blianta anuas. Tá an staid ag feabhsú, áfach, toisc gur laghdaigh na caillteanais ó €30m, beagnach, sa bhliain 2018 go €19m, beagnach, sa bhliain 2020. Is suntasach atá na caillteanais fós, go háirithe nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis an mbrabús ar an tseirbhís poist uilechoiteann intíre.

*Fíor 5. Caillteanais ar phost idirnáisiúnta isteach*





Foinse: Anailís ComReg ar Chuntais Rialála An Post

30 https://www.gov.ie/en/press-release/9336b-irelands-ambitious-climate-act-signed-into-law/

3.40 Léirítear i gcéatadán an chorrlaigh brabúis/caillteanais go raibh corrlach brabúis 7% ag an tseirbhís poist uilechoiteann intíre sa bhliain 2020 agus go raibh céatadán suntasach caillteanais 26% ag post idirnáisiúnta isteach sa bhliain 2020.

*Fíor 6. Is an-ard atá an caillteanas céatadánach ar phost idirnáisiúnta isteach*




Foinse: Anailís ComReg ar Chuntais Rialála An Post

3.41 Dúshlán do An Post is ea na caillteanais shuntasacha ar phost idirnáisiúnta isteach. De bharr na reachtaíochta, níl sé i gceist le ról ComReg maidir le post idirnáisiúnta isteach ach comhlíonadh a chinntiú, agus ceangal á chur aige ar An Post, mar sholáthraí seirbhíse poist uilechoitinne reatha, clúdach a dhéanamh ar na costais a thabhaíonn sé le linn post idirnáisiúnta isteach a phróiseáil agus a sheachadadh laistigh den tseirbhís poist uilechoiteann ó Bhallstáit eile den Aontas Eorpach amháin. Níl na caillteanais ar na Ballstáit den Aontas Eorpach chomh mór leis na caillteanais ar an gCuid Eile den Domhan. Ina theannta sin, is as paicéid ón gCuid Eile den Domhan (mar atá paicéid a chuirtear sa phost ón Áise) a eascraíonn an chuid is mó de na caillteanais. Ní áirítear le ról ComReg rátaí na Coda Eile den Domhan (a socraítear a bhformhór faoin Aontas Poist Uilechoiteann[31]) ná aon rátaí déthaobhacha a chomhaontaigh An Post le Royal Mail, ag teacht sna sála ar imeacht na Breataine Móire ón Aontas Eorpach.

3.42 Cé go mbaineann na caillteanais is mó le paicéid ón gCuid Eile den Domhan, chuir An Post in iúl *"nach bhfeiceann [sé] aon tairbhe a thiocfadh as baint a bheith ag ComReg leis na rátaí is iníoctha le haghaidh paicéid idirnáisiúnta isteach toisc gur socraithe ag rátaí féindearbhaithe atá na malartuithe paicéad sin nó go bhfuil siad faoi réir brúnna iomaíocha cheana féin".*


3.43 Rinneadh gníomhartha cheana féin agus beidh tuilleadh gníomhartha ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na caillteanais sin. Áirítear na nithe seo leis na gníomhartha den sórt sin a dhéanfadh An Post:
- comhaontuithe iltaobhacha dírí foirceannaidh nua chun ioncam a mhéadú;
- rátaí feabhsaithe le haghaidh na gcomhaontuithe déthaobhacha a ndeachaigh An Post isteach iontu.

31 Is é atá san Aontas Poist Uilechoiteann ná gníomhaireacht speisialaithe de chuid na Náisiún Aontaithe agus príomhfhóram na hearnála poist le haghaidh comhar idirnáisiúnta. D'éirigh Éire ina ball den Aontas Poist Uilechoiteann sa bhliain 1923 agus is é An Post an t-oibritheoir ainmnithe don Aontas.

## 4) Na dúshláin leantacha leachtachta atá ag An Post

3.44 Tá An Post ag déileáil le dúshláin leachtachta i láthair na huaire agus le tamall anuas. Ag deireadh na bliana 2016, shroich an t-airgead sa bhanc a bhí ag An Post leibhéal chomh híseal le pas beag níos lú ná €20m. Go luath sa bhliain 2017, d'aisghair an Stát an phraghasteorainn uasta a chuir ComReg le seirbhísí poist uilechoiteanna ag an Stát. Leis an aisghairm sin, cuireadh ar chumas An Post praghas na litreacha a ardú faoi 40%, beagnach, agus arduithe eile praghais a dhéanamh. De bharr na n-arduithe praghais agus na hiasachta €30m a fuarthas ón Stát[32], bhí feabhas ann i staid airgid An Post ón mbliain 2017 ar aghaidh:

*Fíor 7. Airgead Cuideachta An Post*




Foinse: Anailís ComReg ar Thuarascálacha Bliantúla An Post

3.45 Ón uair sin i leith, rinne An Post infheistíochtaí ina ghnó beartán agus d'íoc sé scor ball foirne, ar rudaí iad a laghdaigh an t-iarmhéid airgid. Tháinig laghdú ar an staid airgid sa bhliain 2020 freisin mar thoradh *"… (ar) an ualach a ghabh le trealamh costasach cosanta pearsanta a cheannach, le neamhláithreachtaí a bhain le COVID-19, le costais róthrádála beartán, …"* .[33]

3.46 Tá seans ann go dtiocfaidh feabhas ar an staid airgid sa todhchaí nuair a bheidh laghduithe costais níos fadtéarmaí le feiceáil mar thoradh ar éifeacht a bheith ag pleananna straitéiseacha níos fadtéarmaí An Post. Níl aon fhaisnéis ag ComReg faoi sin agus níl ról aige ann ach oiread. Tá sé faoi lucht bainistíochta agus scairshealbhóirí An Post a chinntiú go bhfanfaidh An Post ina ghnólacht inmharthana; agus tá ról athbhreithnithe agus comhairle ag an Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) ina leith sin[34].

3.47 Tá ról ComReg teoranta don tseirbhís poist uilechoiteann, atá freagrach as thart ar 40% d'ioncam Ghrúpa An Post.

3.48 Is é An Post an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne ainmnithe aonair go dtí mí Lúnasa 2023. Bheadh imní ar ComReg dá gcuirfeadh tuilleadh laghduithe in airgead inmharthanacht agus acmhainn An Post chun an tseirbhís poist uilechoiteann a sholáthar i gcontúirt.

32 Iasacht cúig bliana chun todhchaí an líonra postoifigí a chosaint agus chun leanúint le seirbhís seachadta poist cúig lá a sholáthar do gach seoladh sa tír - https://postandparcel.info/84928/news/post/e30m-state-funding-for-an-post/
33 Tuarascáil Bhliantúil An Post, lch 8 - https://www.anpost.com/AnPost/media/PDFs/An-Post-Annual-Report-2020.pdf
34 Féach an tuarascáil ó NewERA a foilsíodh i mí Feabhra 2021 (Athbhreithniú Airgeadais Bliantúil NewERA 2019/2020 | GBCN) chun mionsonraí a fháil faoi athbhreithniú bliantúil NewERA ar An Post don bhliain dar críoch 2019.

## CAIBIDIL 4

# AN STRAITÉIS MAIDIR LEIS AN bPOST

4.1 Socraíodh ról agus misean, fís agus luachanna ComReg sa Ráiteas Straitéise um an Earnáil Cumarsáide Leictreonaí 2021 - 2023[35] uaidh. Tá siad le fáil in Iarscríbhinn 1 den ráiteas seo mar eolas duit.


4.2 I gcás na rialála poist, is as ár sainchúram dlíthiúil a thagann na huirlisí atá againn chun ár ról a chomhlíonadh. Is féidir na huirlisí a chatagóiriú ina gceithre réimse leathana:

1. Seirbhís poist uilechoiteann a chinntiú
2. Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn
3. Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn, agus
4. Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus é a chinntiú.

4.3 Rud atá mar bhonn agus thaca ag ár gcumas chun ár ról a chomhlíonadh is ea tuiscint chuimsitheach a ghnóthú ar an earnáil trí idirchaidreamh éifeachtach a dhéanamh le geallsealbhóirí agus trí thabhairt faoi bhailiú láidir sonraí agus anailís láidir sonraí.

4.4 Léirítear an caidreamh sin inár gcreat straitéiseach, rud is féidir a fheiceáil i bhFíor 8 thíos.

*Fíor 8. Creat Straitéiseach ComReg*




4.5 Chun aghaidh a thabhairt ar na treochtaí agus na dúshláin atá luaite i gCaibidil 3, is gá do roinnt páirtithe difriúla dul i mbun gnímh. I gcás go bhfuil ról ag ComReg in aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin nó go bhfuil sé de shainchúram air déanamh amhlaidh, chuireamar san áireamh iad sin agus na trí ráiteas rúin straitéisigh uainn á bhforbairt againn mar a leanas.

35 Doiciméad ComReg Uimh. 21/70 - https://www.comreg.ie/publication/electronic-communications-strategy-statement-2021-2023

*Tábla 1 – Rúin Straitéiseacha ComReg*

| | |
|---|---|
| **Rún Straitéiseach 1:** Seirbhís poist uilechoiteann a chinntiú | *Tá seirbhís poist uilechoiteann ann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist* |
| **Rún Straitéiseach 2:** Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn | *Is féidir le húsáideoirí seirbhíse poist seirbhísí poist a roghnú agus a úsáid go muiníneach* |
| **Rún Straitéiseach 3:** Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn | *Earnáil poist a sholáthraíonn seirbhísí ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus roghanna* |

## 4.1 Rún Straitéiseach 1: Seirbhís poist uilechoiteann a chinntiú

4.6 Tá feidhm reachtúil ag ComReg chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís poist uilechoiteann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist. Ina theannta sin, tá sé mar chuspóir reachtúil ag ComReg an fháil ar sheirbhís poist uilechoiteann laistigh den Stát, chuige agus uaidh ar phraghas inacmhainne a chur chun cinn chun sochair do gach úsáideoir seirbhíse poist.

4.7 Aithníonn ComReg gur tairbhe maidir le cinnteacht rialála a sholáthar atá i gcreat comhordaithe soiléir rialála a bhaineann leis an soláthar seirbhísí poist uilechoiteanna.

4.8 Dá bhrí sin, is é an rún straitéiseach go mbeadh seirbhís poist uilechoiteann ann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist.

| **Rún Straitéiseach 1** | |
|---|---|
| **Seirbhís poist uilechoiteann a chinntiú** | Tá seirbhís poist uilechoiteann ann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist |

## 4.2 Rún Straitéiseach 2: Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn

4.9 Tá sé mar chuspóir reachtúil ag ComReg leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn. Go háirithe, ní mór do ComReg a chinntiú go dtugtar ardleibhéal cosanta d'úsáideoirí seirbhíse poist agus iad ag déileáil le soláthraithe seirbhíse poist.

4.10 Is é atá i gceist le tomhaltóirí a chosaint agus le heolas a thabhairt dóibh a chinntiú gurb eol d'úsáideoirí seirbhíse poist:

- an tseirbhís poist atá siad ag ceannach;
- conas gearán a dhéanamh má thagann fadhbanna chun cinn;
- na bearta a fhéadfar a dhéanamh má fhanann an gearán gan réiteach.

4.11 Dá bhrí sin, is é an rún straitéiseach gurbh fhéidir le húsáideoirí seirbhíse poist seirbhísí poist a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

| Rún Straitéiseach 2 | |
|---|---|
| **Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn** | Is féidir le húsáideoirí seirbhíse poist seirbhísí poist a roghnú agus a úsáid go muiníneach |

## 4.3 Rún Straitéiseach 3: Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn

4.12 Tá sé mar chuspóir reachtúil ag ComReg forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus forbairt na hiomaíochta agus na nuálaíochta sa mhargadh le haghaidh soláthar seirbhíse poist a éascú.

4.13 Cuid dhílis de ról rialála ComReg is ea an prionsabal go soláthraíonn margaí dea-fheidhmiúla torthaí barrmhaithe ó thaobh praghsanna, cáilíochta, roghanna agus nuálaíochta de. Sa rialáil poist, toradh amháin atá ar iomaíocht éifeachtach is ea go n-íoslaghdaítear an tsonraíocht mar sheirbhís poist uilechoiteann toisc nach dteastaíonn an tseirbhís poist uilechoiteann ach amháin i gcás nach bhfuil aon iomaíocht éifeachtach ann. Toradh eile atá ar iomaíocht éifeachtach is ea go soláthraítear seirbhísí ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus roghanna. Teastaíonn sé sin toisc gur bunriachtanas sa saol poist tar éis na paindéime é an seachadadh beartán ar fud na tíre.

4.14 Dá bhrí sin, is é an rún straitéiseach gurbh ann d'earnáil poist a sholáthraíonn seirbhísí ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus roghanna.

| Rún Straitéiseach 3 | |
|---|---|
| **Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn** | Earnáil poist a sholáthraíonn seirbhísí ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus roghanna |

4.15 I gCaibidlí 5 go 7, leagaimid amach na spriocanna straitéiseacha a bhaineann le gach ceann de na trí rún straitéiseacha sin.

## CAIBIDIL 5

# RS 1: SEIRBHÍS POIST UILECHOITEANN A CHINNTIÚ



5.1 Sainordaíonn an Stát seirbhís poist uilechoiteann toisc nach bhfuil iomaíocht éifeachtach ann sa mhargadh. Cinntíonn seirbhís poist uilechoiteann go soláthraítear seirbhísí poist do gach duine sa Stát ar phraghas inacmhainne agus de réir leibhéal leordhóthanach cáilíochta.

5.2 Is é atá sa tseirbhís poist uilechoiteann ná cineál cosanta d'úsáideoirí seirbhíse poist, go háirithe úsáideoirí soghonta agus úsáideoirí atá faoi mhíbhuntáiste digiteach.

5.3 In Éirinn, is é atá i gceist le húsáid na seirbhíse poist uilechoitinne den chuid is mó ná litreacha a chur leis an bpost, a bhfuil FBManna freagrach as cuid mhór díobh.

5.4 Tá feidhm reachtúil ag ComReg chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís poist uilechoiteann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist. Ina theannta sin, tá sé mar chuspóir reachtúil ag ComReg an fháil ar sheirbhís poist uilechoiteann laistigh den Stát, chuige agus uaidh ar phraghas inacmhainne a chur chun cinn chun sochair do gach úsáideoir seirbhíse poist.

5.5 Is é atá i gceist leis an tseirbhís poist uilechoiteann a cheanglaítear leis an Acht Poist gurb amhlaidh ar gach lá oibre go mbíonn, ar a laghad, imréiteach amháin agus seachadadh amháin ar bhaile nó ar áitreabh gach duine sa Stát.

5.6 Maidir leis an tseirbhís poist uilechoiteann, ceanglaítear ar ComReg leis an Acht Poist:
- an tseirbhís poist uilechoiteann a shonrú chun a chinntiú go bhforbraítear an tseirbhís poist uilechoiteann de réir na timpeallachta teicniúla, eacnamaíche agus sóisialta agus de réir riachtanas réasúnach úsáideoirí seirbhíse poist;
- ainmniú an tsoláthraí seirbhíse poist uilechoitinne a athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh i dtaobh an gá soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne a ainmniú;
- faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na ceanglais reachtúla agus rialála i ndáil le seirbhís poist uilechoiteann a sholáthar á gcomhlíonadh ag soláthraí/soláthraithe seirbhíse poist uilechoitinne.

5.7 Is leagtha amach sa Chaibidil seo atá na spriocanna straitéiseacha de chuid ComReg a bhaineann lena chinntiú go bhfuil seirbhís poist uilechoiteann ann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist.

| **Rún Straitéiseach 1** | **Tá seirbhís poist uilechoiteann ann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist** |
|---|---|
| ***Cén chuma atá air sin?*** | • Seirbhís poist uilechoiteann íosriachtanas a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha athraitheacha úsáideoirí seirbhíse poist<br>• Comhlíonann soláthraí/soláthraithe seirbhíse poist uilechoitinne na ceanglais reachtúla agus rialála a bhaineann leis an tseirbhís poist uilechoiteann a sholáthar |

5.8 Chuige sin, is mar a leanas atá spriocanna ComReg sa tréimhse atá le teacht:

## Sprioc 1: Seirbhís poist uilechoiteann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist a chinntiú

5.9 Tá an earnáil poist ag leanúint ar aghaidh ag athrú. Tá dinimic éilimh athraitheach ann, go háirithe maidir leis an meascán seirbhísí (líon níos airde beartán agus líon níos ísle litreacha) agus maidir leis na riachtanais le haghaidh cinnteacht seachadta (líon níos ísle litreacha le haghaidh sheachadadh an chéad lae eile). Tá feidhm reachtúil ag ComReg chun a chinntiú go soláthraítear

seirbhís poist uilechoiteann a fhreastalaíonn do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist. Tá an tseirbhís poist uilechoiteann atá ann cheana comhdhéanta de sheachadadh litreacha an chéad lae eile den chuid is mó.

5.10 Maidir le litirphost, chuir An Post in iúl do ComReg[36] go bhfuil sé de rún aige seirbhís bhreise a thabhairt isteach lena seachadfar litreacha píosa aonair agus imchlúdaigh mhóra laistigh de dhá lá oibre. Tá seans ann go mbeidh níos mó éilimh ar an tseirbhís nua sin i measc úsáideoirí, rud a laghdóidh an úsáid a bhainfear as seirbhís sheachadadh litreacha an chéad lae eile sa tseirbhís poist uilechoiteann.

5.11 Má sheolann An Post a sheirbhís nua lena seachadfar litirphost laistigh de dhá lá oibre, beidh sé faoi ComReg, tar éis dó comhairliúchán poiblí a cheanglaítear le dlí a sheoladh, breith a thabhairt i dtaobh ar cheart seirbhís den sórt sin a chur ar áireamh sa tseirbhís poist uilechoiteann. Dá gcuirfí an tseirbhís nua ar áireamh sa tseirbhís poist uilechoiteann, bheadh sí faoi réir na rialála is infheidhme maidir le seirbhísí uilechoiteanna. Leis na rialacháin maidir le seirbhísí poist uilechoiteanna, tugtar tuilleadh cosaintí d'úsáideoirí ó thaobh praghais, cáilíochta agus rochtana de. Mura gcuirfí an tseirbhís nua ar áireamh sa tseirbhís poist uilechoiteann, áfach, ní rialálfaí ach díospóidí tomhaltóirí i leith na seirbhíse.

5.12 D'iarr An Post ar ComReg an tseirbhís bheartaithe nua litreacha uaidh a chur leis an tseirbhís poist uilechoiteann chun *"inbhuanaitheacht fhadtéarmach na seirbhíse poist uilechoitinne a chinntiú, agus coigiltí costais agus tairbhí comhshaoil á soláthar"*.

5.13 Chuir Chambers Ireland *"fáilte"* roimh an tseirbhís nua litirphoist atá beartaithe ag An Post, ar seirbhís í *"lena gcuirfí ar chumas custaiméirí beartú tosaíochta a gcuid poist a roghnú"*.

5.14 Chuir IBEC in iúl freisin gur cheart an tseirbhís nua litreacha atá beartaithe ag An Post a chur leis an tseirbhís poist uilechoiteann *"chun forbairt seirbhíse poist níos glaise ar fud na tíre a chumasú"*.

5.15 Mar sin féin, cuireadh roinnt ábhar imní in iúl faoin tseirbhís nua litreacha atá beartaithe ag An Post:
- Dar le hAoisbhá Éireann, Comhairle na nDaoine Scothaosta: *"... d'fhéadfadh [an tseirbhís] aonrú sóisialta a mhéadú i measc aosaigh scothaosta, go háirithe iad sin i bpobail tuaithe. ... Dá mbeadh laghdú ann sa tseirbhís agus i minicíocht na gcuairteanna poist, ní bheadh ag daoine scothaosta an teagmháil shóisialta chéanna a bhí acu roimhe seo."*
- Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann: *"Maidir leis an moladh go soláthrófaí seirbhís seachadta iarchurtha, rud lena dtabharfaí roghanna don tomhaltóir, cruthaíonn sé ábhair imní fós ... go dtabharfaí isteach leis an tseirbhís sin córas cisealaithe praghsála le haghaidh seirbhís seachadta nua a bheadh faoi bhun caighdeáin."*

5.16 Luadh in aighneachtaí freisin nach mór seachadadh litreacha an chéad lae eile a bheith ar fáil fós:
- Dar le Chambers Ireland: *"d'fhorbair earnálacha áirithe den gheilleagar a gcuid seirbhísí ar an ionchas go seachadfaí iad ar an gcéad lá eile, rud nach mór a bheith ar fáil fós mar rogha do ghnólachtaí den sórt sin."*
- Dar le Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann: *"[tá] ardspleáchas ann ar sheachadadh an chéad lae eile ó mhórán foinsí intíre, gnó, dlí agus Stáit. Ní mór é a chaomhnú mar sholáthar uilechoiteann bunúsach ... ní mór é a choinneáil ar bun ar chostas inacmhainne ..."*

---

36 Sceidil 28 agus 29 dar dáta an 30 Meán Fómhair 2020 - https://www.comreg.ie/media/2020/10/200930_An_Post_Notification_Declaration.pdf

5.17 De bharr na n-aighneachtaí, tá sé beartaithe ag ComReg tús a chur le próiseas comhairliúcháin phoiblí i dtaobh ar cheart an tseirbhís nua atá beartaithe ag An Post lena seachadfar litreacha laistigh de dhá lá oibre a chur leis an tseirbhís poist uilechoiteann. Bheadh an tseirbhís sin de bhreis ar sheirbhís riachtanach sheachadadh litreacha an chéad lae eile. Aontaíonn An Post leis an gcomhairliúchán poiblí sin[37].

5.18 Beidh breith ar an tseirbhís sin a chur leis an tseirbhís poist uilechoiteann faoi réir na nithe seo a leanas:

- freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí a cheanglaítear;
- aon fhianaise eile; agus
- cé acu a sheolann nó nach seolann An Post an tseirbhís[38].

5.19 Breithneofar sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí seo freisin cé na hathruithe eile is gá a dhéanamh ar an tseirbhís poist uilechoiteann chun freastal do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist.

5.20 Ar leithligh uaidh sin, is féidir go mbeidh an Treoir maidir le Seirbhísí Poist faoi réir athrú sa todhchaí, ach níl aon amchlár socraithe ag an gCoimisiún Eorpach chuige sin fós. Is féidir go ndéanfar an t-athrú sin chun tuilleadh solúbthachta náisiúnta a chumasú toisc gur luaigh an Coimisiún Eorpach[3]: *"is féidir go mbeidh argóint ann i bhfabhar athmheasúnú a dhéanamh ar cé na táirgí, na seirbhísí agus na gnéithe gaolmhara is gá a chur ar áireamh san oibleagáid seirbhíse uilechoitinne agus ar conas ba cheart iad a rialáil. D'áireofaí leis sin athmheasúnú a dhéanamh ar an leibhéal solúbthachta a theastaíonn ó na Ballstáit chun an rialáil náisiúnta a dhéanann siad ar sheirbhísí uilechoiteanna a chur in oiriúint d'imthosca intíre."* Bainfidh ComReg úsáid as a chuid tuisceana agus taighde ar riachtanais réasúnacha úsáideoirí chun eolas a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha i gcomhthéacs an mheasúnaithe sin ar an Treoir maidir le Seirbhísí Poist.

5.21 Maidir le beartáin, tá an seachadadh beartán ar fud na tíre ina rud níos bunriachtanaí anois sa saol tar éis na paindéime. Leanfaidh ComReg le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa seachadadh beartán. Tugadh faoi deara i dtaighde[40] agus in aighneachtaí[41] go bhfuil dinimic iomaíoch láidir ann sa seachadadh beartán. I gcás beartáin a sheoladh agus iad a fháil araon, tá sé réasúnach gur féidir le húsáideoirí seirbhís iontaofa beartán a rochtain agus a úsáid le haghaidh beartáin a sheachadadh ar fud na tíre. Soláthraítear leis an tsonraíocht reatha le haghaidh seirbhís poist uilechoiteann an chosaint rochtana sin ar bhunseirbhís beartán lena seachadtar beartáin ar fud na tíre. Tá an chosaint sin de bhreis ar an lear tairiscintí iomaíocha eile atá ar fáil sa seachadadh beartán. Thug an Coimisiún Eorpach faoi deara go bhfuil ceisteanna ann i dtaobh an mhéid ba cheart seirbhísí seachadta beartán a bheith ina gcuid den oibleagáid seirbhíse uilechoitinne sa todhchaí mar gheall ar staid iomaíoch na seirbhísí seachadta beartán ar fud na mBallstát: *"Mar gheall ar roinnt oibritheoirí agus roinnt roghanna seachadta a bheith ar fáil sa mhargadh seachadta beartán, tá ceisteanna ann i dtaobh an ghá atá ann leis an seachadadh beartán a bheith faoi raon feidhme na seirbhíse uilechoitinne agus i dtaobh an mbeifí in ann freastal an oiread céanna d'úsáideoirí poist ar an bpraghas céanna (nó ar phraghas níos ísle) gan oibleagáid seirbhíse uilechoitinne a bheith ann."*[39]

Tá an seachadadh beartán ar fud na tíre ina rud níos bunriachtanaí anois sa saol tar éis na paindéime



37 Freagra ar an gcomhairliúchán poiblí a foilsíodh i ndoiciméad uimh. 21/XXs

38 Breith tráchtála de chuid An Post is ea an bhreith ar sheirbhís den sórt sin a sheoladh agus a chur chun feidhme. Más rud é, tar éis an chomhairliúcháin phoiblí a cheanglaítear, go seolann An Post seirbhís den sórt sin, beidh sé faoi ComReg breith a thabhairt i dtaobh an mbeadh sé cuí rialacháin a dhéanamh lena sonrófaí an tseirbhís nua atá le soláthar ag an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne, arb é An Post é faoi láthair, mar chuid den tseirbhís poist uilechoiteann.

39 Ar lch 5 den TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Seirbhísí Poist (Treoir 97/67/CE arna leasú le Treoir 2002/39/CE agus Treoir 2008/6/CE)

40 Coimisiúnaithe ag ComReg agus seolta ag Frontier Economics / B&A. Féach Doiciméad ComReg Uimh. 21/59 - https://www.comreg.ie/publication/e-commerce-parcel-delivery-in-ireland-report?pub_type=research

41 An Post, UPS

## Sprioc 2: Ainmniú soláthraí/soláthraithe seirbhíse poist uilechoitinne a bhreithniú

5.22 Leis an Acht Poist, ainmníodh An Post mar sholáthraí seirbhíse poist uilechoitinne aonair go dtí mí Lúnasa 2023. Leag ComReg amach na nósanna imeachta le haghaidh athbhreithniú agus cinneadh a dhéanamh ar ainmniú soláthraí/soláthraithe seirbhíse poist uilechoitinne[42]. Roimh dheireadh an ainmnithe i mí Lúnasa 2023, breithneoidh ComReg an gá ainmniú fós agus, más gá é, cén t-ainmniú is gá agus cén soláthraí seirbhíse uilechoitinne/cé na soláthraithe seirbhíse uilechoitinne atá le hainmniú.

## Sprioc 3: Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas ar sheirbhís poist uilechoiteann

5.23 Ceanglaítear ar sholáthraí seirbhíse poist uilechoitinne ainmnithe le dlí:
- Seirbhís poist uilechoiteann a sholáthar de réir na n-oibleagáidí a fhorchuirtear leis an Acht Poist nó faoin Acht Poist;
- Seirbhísí comhionanna a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse poist faoi choinníollacha inchomparáide; agus
- Na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le soláthar seirbhíse poist uilechoitinne aige a chomhlíonadh.

5.24 I gcás go bhfuil ComReg den tuairim go bhfuil mainneachtain á déanamh nó déanta ag soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne aon cheann de na ceanglais seirbhíse poist uilechoitinne a chomhlíonadh, féadfaidh sé ordachán a thabhairt don soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne chun comhlíonadh a chinntiú.

5.25 Leanfaidh ComReg le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí rialála ag an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne/na soláthraithe seirbhíse poist uilechoitinne, bíodh sé mar fhreagairt do ghearáin, nó ag teacht sna sála ar imscrúduithe a seoladh ar a thionscnamh féin. Féadfaidh ComReg gníomhaíocht forfheidhmithe chuí a dhéanamh ansin, de réir mar is gá, chun aon neamhchomhlíonadh a réiteach. Gníomhaíonn agus gníomhóidh ComReg ar bhealach comhréireach ina leith sin i ngach cás.

5.26 Ceanglaítear ar ComReg le dlí faireachán a dhéanamh ar an soláthar seirbhíse poist uilechoitinne mar a leanas:

### FEIDHMÍOCHT MAIDIR LE CÁILÍOCHT SEIRBHÍSE

5.27 Mura bhfuil iomaíocht éifeachtach ann, is gá caighdeáin maidir le cáilíocht seirbhíse do sheirbhísí poist uilechoitinne píosa aonair chun a chinntiú go bhfaigheann úsáideoirí seirbhíse poist an tseirbhís chuí ar íoc siad aisti.

5.28 Mar a cheanglaítear leis an Acht Poist, shocraigh ComReg caighdeáin feidhmíochta atá cothrom le
- comhlíonadh 94% i gcás sheachadadh an chéad lae oibre eile; agus
- comhlíonadh 99.5% i gcás seachadadh laistigh de thrí lá óna gcur sa phost

le haghaidh míreanna poist píosa aonair sa Stát.[43].

5.29 Ceanglaítear ar ComReg leis an Acht Poist faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán maidir le cáilíocht seirbhíse, agus tuarascáil faoi thorthaí an fhaireacháin a fhoilsiú[44], uair sa bhliain ar a laghad. Rinne ComReg conradh le heagraíocht neamhspleách chun an faireachán a sheoladh thar a cheann. Ní bhaineann an tslat tomhais ach amháin le post píosa aonair intíre.

42 Doiciméad Uimh. 19/64a dar dáta an 26 Meitheamh 2019 - https://www.comreg.ie/publication/postal-universal-service-provider-designation-procedures

43 Is féidir tuilleadh mionsonraí a aimsiú i nDoiciméad ComReg Uimh. 15/126 - https://www.comreg.ie/media/dlm_uploads/2015/12/ComReg15126.pdf

44 Foilsíonn ComReg na torthaí sin freisin ag Rialáil Cáilíochta | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie) agus foilsíonn An Post iad ag Cairt seirbhíse do chustaiméirí | An Post

5.30 Tá idirchaidreamh déanta ag ComReg leis An Post i dtaca lena fheidhmíocht maidir le cáilíocht seirbhíse agus leanfaidh sé le déanamh amhlaidh. I gcás go bhfuil ComReg den tuairim nár chomhlíon an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne na caighdeáin maidir le cáilíocht seirbhíse, féadfaidh sé ordachán a thabhairt don soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne gníomh ceartaitheach a dhéanamh. Mar sin féin, is féidir le gníomhaíocht comhlíonta méid suntasach ama agus acmhainní a thógáil. Ceanglaítear caingean dlí léi freisin mura gcomhlíonann an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne an t-ordachán. Ina theannta sin, níl aon chumhachtaí ag ComReg chun fíneálacha/pionóis a ghearradh i gcás aon neamhchomhlíonta.

5.31 Mar thoradh ar an tábhacht mhéadaithe atá ag baint le post beartán seirbhíse poist uilechoitinne, déanfaidh ComReg breithniú ar cé acu ba cheart nó nár cheart faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht beartán seirbhíse poist uilechoitinne agus ar conas ba cheart déanamh amhlaidh.

## PRAGHSÁIL

5.32 Cuirtear de chúram ar ComReg a chinntiú go gcomhlíonann praghsáil a sheirbhísí poist uilechoiteanna ag soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne ceanglais an Achta Poist maidir le taraifí mar a leanas:

- Ní mór praghsanna a bheith inacmhainne chun go bhféadfaidh gach úsáideoir seirbhíse poist leas a bhaint as na seirbhísí a sholáthraítear;
- Ní mór praghsanna a bheith dírithe ar chostais;
- Ní mór praghsanna a bheith comhionann ar fud an Stáit;
- Ní mór praghsanna a bheith trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

5.33 Baineann na pointí seo a leanas le hábhar:

- Níl aon ról ag ComReg i bpraghsanna a cheadú. Ní fhéadfaidh ComReg idirghabháil a dhéanamh roimh don soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne a phraghsanna a athrú. Tá saoirse praghsála ag an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne maidir le praghsanna na seirbhísí poist uilechoitinne a shocrú.
- Mura gcomhlíonann praghsanna na ceanglais maidir le taraifí, ní fhéadfaidh ComReg gníomhaíocht comhlíonta a dhéanamh ach amháin tar éis do An Post na hathruithe praghais a dhéanamh. Tá an idirghabháil a fhéadfaidh ComReg a dhéanamh teoranta d'ordachán a thabhairt don soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne chun comhlíonadh a chinntiú, rud a mbeadh caingean dlí ina toradh air mura gcomhlíonfaí an t-ordachán. Is féidir le gníomhaíocht comhlíonta méid suntasach ama agus acmhainní a thógáil agus ba dhóigh go dtógfadh sé am chun praghsanna neamhchomhlíontacha atá tagtha in éifeacht a aisiompú. Ina theannta sin, níl aon chumhachtaí ag ComReg chun fíneálacha/pionóis a ghearradh i gcás aon neamhchomhlíonta.

## CUNTAIS RIALÁLA

5.34 Leanfaidh ComReg le faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an tOrdachán Cuntasaíochta á chomhlíonadh ag soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne[45]. Is é atá sna cuntais rialála iniúchta (ar leithligh) ná faisnéis ríthábhachtach lena gcuirtear ar chumas ComReg measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- conas atá an tseirbhís poist uilechoiteann ag feidhmiú ó thaobh an airgeadais de;
- praghsanna na seirbhísí poist uilechoiteanna le haghaidh chomhlíonadh cheanglas an Achta Poist maidir le taraifí atá dírithe ar chostais;
- ceanglais rialála eile.

5.35 San aighneacht uaidh, d'iarr An Post ar ComReg meastóireacht a dhéanamh ar a chuí atá an tOrdachán Cuntasaíochta, ag féachaint don tírdhreach reatha ina mbíonn an líon beartán ag méadú in earnáil iomaíoch agus ina mbíonn seirbhís litreacha poist uilechoiteann ag meath.

45 Doiciméad ComReg Uimh. 17/06 (D02/17) dar dáta an 20 Eanáir 2017 - https://www.comreg.ie/media/dlm_uploads/2017/01/ComReg-1706.pdf

Déanfaidh ComReg breithniú i dtaobh an gá Ordachán Cuntasaíochta atá athraithe chun dáta chun leithdháiltí cruinne costais a chinntiú idir litreacha agus beartáin agus chun a chinntiú nach bhfuil an tseirbhís poist uilechoiteann ag tras-fhóirdheonú costais mhéadaithe beartán tráchtála.

### TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA LE HAGHAIDH SEIRBHÍSÍ POIST UILECHOITEANNA

5.36 Comhlíonann soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne a sheirbhís poist uilechoiteann de réir na dtéarmaí agus coinníollacha dá chuid. Mar a cheanglaítear leis an Acht Poist, is gá nach bhfuil drochéifeacht shuntasach ag téarmaí agus coinníollacha den sórt sin ar úsáideoirí seirbhíse poist agus is gá go bhfreastalaíonn siad dá riachtanais réasúnacha. I gcás go mbeartaíonn soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne aon téarmaí agus coinníollacha dá chuid don tseirbhís poist uilechoiteann a leasú, breithneoidh sé riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist agus cinnteoidh sé go bhfreastalóidh na téarmaí agus coinníollacha leasaithe do na riachtanais sin.

### DÍRÍ FOIRCEANNAIDH

5.37 D'fhonn a chinntiú go ndéantar an tseirbhís poist uilechoiteann a sholáthar ar bhonn trasteorann, ceanglaítear ar sholáthraí seirbhíse poist uilechoitinne le dlí a chinntiú go gcomhlíonann a chuid comhaontuithe maidir le dírí foirceannaidh i ndáil le post trasteorann laistigh den Aontas Eorpach na ceanglais seo a leanas:

- Socrófar dírí foirceannaidh i ndáil leis na costais a ghabhann le post trasteorann ag teacht isteach a phróiseáil agus a sheachadadh;
- Bainfidh na leibhéil luacha saothair le cáilíocht na seirbhíse a bhainfear amach;
- Beidh dírí foirceannaidh trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

5.38 Déanfaimid faireachán ar an gcaoi a bhfuil na ceanglais sin á gcomhlíonadh ag soláthraí/soláthraithe seirbhíse poist uilechoitinne.

### MEASÚNÚ AR THARAIFÍ BEARTÁN EORPACH TRASTEORANN

5.39 Mar a cheanglaítear leis an rialachán maidir le seachadadh beartán Eorpach trasteorann[46], rinne ComReg measúnú i dtaobh an bhfuil taraifí beartán trasteorann An Post 'neamhréasúnach ard' agus chuir sé an measúnú sin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus leanfaidh sé le déanamh amhlaidh. D'fhoilsigh agus foilseoidh ComReg leaganacha neamhrúnda den mheasúnú sin[47].

### AON ÉILEAMH GLANCHOSTAIS A EASCRAÍONN AS SOLÁTHAR NA SEIRBHÍSE POIST UILECHOITINNE

5.40 Mar a cheanglaítear leis an Acht Poist, má dhéanann soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne éileamh glanchostais a eascraíonn as soláthar na seirbhíse poist uilechoitinne, déanfaidh ComReg cinneadh i dtaobh an amhlaidh, maidir le haon éileamh:

- an ionann é agus glanchostas ar an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne[48];
- an ionann é agus ualach airgeadais míchothrom ar an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne[49].


5.41 Agus cinneadh á dhéanamh aige i dtaobh an bhfuil glanchostas ann, ceanglaítear ar ComReg a chur i gcuntas cé acu a sholáthraíodh nó nár soláthraíodh an tseirbhís poist uilechoiteann ar mhodh atá éifeachtúil ó thaobh costais de.

5.42 Agus aon éileamh chun cistiú a lorg as a ghlanchostais á dhéanamh aige, leagfadh An Post amach conas a dhéanfadh sé a oibríocht poist a ath-bharrfheabhsú in éagmais na gceanglas seirbhíse poist uilechoitinne. Dá ndéanfadh An Post aon éileamh glanchostais den sórt sin, d'fhoilseodh ComReg leagan neamhrúnda den éileamh ó An Post chun dul i mbun comhairliúcháin phoiblí ar an ábhar. Go dtí seo, níl aon éileamh glanchostais déanta ag An Post riamh.

46 Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le seirbhísí seachadta beartán trasteorann
47 https://www.comreg.ie/industry/postal-regulation/postal-framework/parcel-provider/
48 Cinneadh D09/13 ó ComReg - https://www.comreg.ie/media/dlm_uploads/2015/12/ComReg1369.pdf
49 Cinneadh D15/13 ó ComReg - https://www.comreg.ie/media/dlm_uploads/2015/12/ComReg13116.pdf

## CAIBIDIL 6

# RS 2: LEASANNA ÚSÁIDEOIRÍ SEIRBHÍSE POIST A CHUR CHUN CINN



6.1 Tá sé mar chuspóir reachtúil ag ComReg leasanna úsáideoirí seirbhíse poist, idir sheoltóirí poist agus fhaighteoirí poist, a chur chun cinn. Ní mór do ComReg a chinntiú go dtugtar ardleibhéal cosanta do na húsáideoirí seirbhíse poist sin agus iad ag déileáil le soláthraithe seirbhíse poist. Baineann sé sin leis na seirbhísí poist uile a soláthraíonn na soláthraithe seirbhíse poist uile iad.

6.2 Áirítear leis sin:

- a chinntiú go ndéanann gach soláthraí seirbhíse poist cód cleachtais a tharraingt suas agus a chur i ngníomh;
- a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta simplí neamhchostasacha ar fáil chun díospóidí a réiteach, ar nósanna imeachta iad a chomhallann comhlacht atá neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann;
- dul i gcomhairle agus comhoibriú leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí de réir mar is cuí;
- freastal do riachtanais grúpaí sóisialta sonracha, go háirithe úsáideoirí seirbhíse poist atá faoi mhíchumas.

6.3 Is é an Rún Straitéiseach go gcuirfí leasanna úsáideoirí seirbhíse poist chun cinn, agus é mar chuspóir ardleibhéil leis a chinntiú gurbh fhéidir le húsáideoirí seirbhíse poist seirbhísí poist a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

| **Rún Straitéiseach 2** | **Is féidir le húsáideoirí seirbhíse poist seirbhísí poist a roghnú agus a úsáid go muiníneach** |
|---|---|
| ***Cén chuma atá air sin?*** | • Baineann úsáideoirí seirbhíse poist, idir sheoltóirí agus fhaighteoirí, an leas is mó ó thaobh roghanna, praghsanna agus cáilíochta de<br>• Tugtar cumhacht agus cosaint d'úsáideoirí seirbhíse poist trí fhaisnéis shoiléir leordhóthanach agus trí shásamh éifeachtach<br>• Caitheann soláthraithe seirbhíse poist a chomhlíonann na ceanglais reachtúla agus rialála a bhaineann le seirbhís poist a sholáthar le húsáideoirí seirbhíse poist go cothrom |

6.4 Leagtar béim sa straitéis uainn ar an ról atá ag cinntí eolasacha a bheith á ndéanamh ag úsáideoirí seirbhíse poist, agus tá na spriocanna straitéiseacha seo a leanas aici:

## Sprioc 4: Úsáideoirí seirbhíse poist a chumhachtú trína chinntiú go mbeidh faisnéis chruinn chuí ar fáil

6.5 Aithnímid nach mór úsáideoirí seirbhíse poiblí a chur ar an eolas go leordhóthanach má tá siad chun seirbhísí poist a oireann dá riachtanais agus dá mbuiséad araon a roghnú i gceart. Déanann ComReg idirchaidreamh le soláthraithe seirbhíse poist chun cabhrú lena chinntiú go gcuirtear faisnéis chuí ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse poist.

6.6 Tá níos mó riachtanas faisnéise ann don tseirbhís poist uilechoiteann. Maidir leis an tseirbhís poist uilechoiteann, is dhá phríomhriachtanas faisnéise atá ag úsáideoirí seirbhíse poist iad (1) téarmaí agus coinníollacha agus (2) feidhmíocht maidir le cáilíocht. Chun cumhacht agus eolas a thabhairt d'úsáideoirí na seirbhíse poist uilechoitinne:

- cinntíonn ComReg go gcuimsítear sna téarmaí agus coinníollacha do na seirbhísí poist uilechoiteanna an fhaisnéis chuí chun freastal do riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist
- foilsíonn ComReg torthaí fheidhmíocht bhliantúil an tsoláthraí seirbhíse poist uilechoitinne maidir le cáilíocht seirbhíse in aghaidh na gcaighdeán rialála[50]. Foilsíonn An Post na torthaí sin ar a shuíomh Gréasáin freisin[51].

50 Rialáil Cáilíochta | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie)
51 https://www.anpost.com/Customer-Charter/Mail-Service-Performance

6.7 Maidir le seirbhísí poist a soláthraíonn soláthraithe seirbhíse poist eile iad, cinntíonn ComReg go soláthraítear faisnéis chuí faoi sheirbhísí poist trí chlár soláthraithe seirbhíse poist údaraithe a choimeád. Is féidir an clár a rochtain ar shuíomh Gréasáin ComReg[52]. Cuimsítear sa chlár faisnéis a bhfuil mar aidhm léi úsáideoirí seirbhíse poist a chur ar an eolas faoi na roghanna atá ar fáil dóibh ó thaobh soláthraí seirbhíse poist agus seirbhísí poist de.

6.8 Tugann ComReg comhairle d'úsáideoirí seirbhíse poist ar a shuíomh Gréasáin freisin[53]. Áirítear léi sin faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

- na nithe is gá do An Post a dhéanamh mar sholáthraí seirbhíse poist uilechoitinne ainmnithe reatha
- na bearta is gá d'úsáideoirí seirbhíse poist a dhéanamh má tá gearán acu maidir le seirbhís poist.

6.9 Maidir le soláthar seirbhísí beartán Eorpach trasteorann ag soláthraithe seachadta beartán, cinntíonn ComReg go soláthraítear faisnéis chuí faoi sholáthraithe seachadta beartán trasteorann trí na nithe seo:

- liosta de na soláthraithe sin a fhoilsiú[54];
- an nasc chuig liosta an Choimisiúin Eorpaigh de phraghsanna beartán Eorpach trasteorann[55].

## Sprioc 5: Úsáideoirí seirbhíse poist a chosaint trína chinntiú go mbeidh nósanna imeachta gearáin agus sásaimh ar fáil

6.10 Ní mór do gach soláthraí seirbhíse poist cód cleachtais a chur i ngníomh. Leagtar amach sa chód cleachtais sin nósanna imeachta, caighdeáin agus beartais maidir le déileáil le gearáin ó úsáideoirí seirbhíse poist.

6.11 Leanfaidh ComReg lena chinntiú go mbeidh faisnéis leordhóthanach le fáil sna cóid chleachtais chun a chinntiú go dtabharfar cosaint éifeachtach d'úsáideoirí seirbhíse poist. Féadfaidh ComReg ordachán a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse poiblí cibé athrú/athruithe a dhéanamh ar a chód cleachtais, nó cibé breisiú/breisithe a chur lena chód cleachtais, is cuí le ComReg. Measann ComReg gur féidir, tríd an bhfáil ar fhaisnéis shoiléir thrédhearcach a chinntiú, úsáideoirí seirbhíse poist a chumhachtú chun freagairt go díreach do chásanna is dóigh leo a bheith míshásúil.

6.12 Ní mór nósanna imeachta chun díospóidí a réiteach a bheith ar áireamh i ngach cód cleachtais. Mura bhfuil úsáideoirí seirbhíse poist sásta:

- leis na bearta uile atá déanta ag an soláthraí seirbhíse poist chun an gearán uathu a réiteach;
- leis an toradh ar an measúnú neamhspleách ar an ngearán;

féadfaidh siad iarraidh ar ComReg cabhrú leis an díospóid a réiteach.

6.13 Leanfaidh ComReg le díospóidí a réiteach a bheidh fágtha gan réiteach tar éis na nósanna imeachta go léir de chuid cód cleachtais soláthraí seirbhíse poist (dá ngairtear cumhachtaí réitigh díospóide alt 43(3)) a chur i gcrích go cuí agus, trí dhéanamh amhlaidh, bearta a shonrú chun díospóid a réiteach. Féadfaidh ComReg ordachán a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse poist na bearta atá sonraithe a chomhlíonadh chun díospóid a réiteach. Tugann sé sin cabhair chuí d'úsáideoirí seirbhíse poist agus iad ag iarraidh sásamh a fháil.

Leanfaidh ComReg le díospóidí a réiteach



52 https://www.comreg.ie/industry/postal-regulation/authorised-postal-providers/authorised-postal-providers-register/
53 https://www.comreg.ie/advice-information/postal/
54 Soláthraithe Seirbhíse Beartán | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie)
55 https://ec.europa.eu/growth/sectors/postal-services/parcel-delivery/public-tariffs-cross-border_en

## Sprioc 6: Idirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí sainleasa tomhaltóirí

6.14 Nuair is ábhartha, déanann agus déanfaidh ComReg idirchaidreamh le grúpaí sainleasa tomhaltóirí eile chun a chinntiú go dtugtar eolas agus cosaint d'úsáideoirí seirbhíse poist. Mar shampla, tá ag ComReg Painéal Comhairleach Tomhaltóirí[56] agus próiseas idirchaidrimh tomhaltóirí[57] a n-áirítear for-rochtain agus suirbhéanna leis.

6.15 Déanann ComReg idirchaidreamh leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ("CCPC") freisin, nuair is gá, toisc go bhfuil freagracht ar CCPC as raon leathan reachtaíochta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú. Mar a cheanglaítear leis an Acht Poist, cabhróidh ComReg lena chinntiú go dtabharfar ardleibhéal cosanta d'úsáideoirí seirbhíse poist agus iad ag déileáil le soláthraithe seirbhíse poist trí dhul i gcomhairle le CCPC agus comhoibriú leis de réir mar is cuí.

6.16 Luadh in aighneachtaí áirithe[58] gurb ann do ghá níos mó le soiléire ar conas a rialáiltear seachadtaí beartán chun go mbeifear in ann déileáil le seachadtaí míshásúla beartán nuair a thagann siad chun cinn. Ar na nithe atá le breithniú anseo tá an gaol conarthach idir an t-úsáideoir mar fhaighteoir, an chuideachta ríomhthráchtála mar sholáthraí don úsáideoir, agus an t-oibritheoir seachadta beartán mar sholáthraí don chuideachta ríomhthráchtála.

6.17 Dá bhrí sin, tá ag méadú ar thábhacht an idirchaidrimh sin le CCPC toisc nach "soláthraithe seirbhíse poist" iad roinnt oibritheoirí atá ag seachadadh beartán. Fágann sé sin nach bhfuil siad faoi réir rialáil ag ComReg. Tá siad faoi réir rialáil ag comhlachtaí rialála eile, mar shampla CCPC. Breithneoidh ComReg an gá le soiléire ar an gcaoi a bhfuil oibritheoirí beartán á rialáil.

56 Féach: An Painéal Comhairleach Tomhaltóirí | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie). Is iad CAI, Chambers Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, agus Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair na baill reatha den phainéal.
57 Féach https://www.comreg.ie/engagement/
58 Duine den phobal, Nasc Tuaithe na hÉireann

## CAIBIDIL 7

# RS 3: FORBAIRT NA hEARNÁLA POIST A CHUR CHUN CINN



7.1 Cuid dhílis de ról rialála ComReg is ea an prionsabal go soláthraíonn margaí dea-fheidhmiúla torthaí barrmhaithe ó thaobh praghsanna, cáilíochta, roghanna agus nuálaíochta de. Sa rialáil poist, toradh amháin atá ar iomaíocht éifeachtach is ea go n-íoslaghdaítear an tsonraíocht mar sheirbhís poist uilechoiteann toisc nach dteastaíonn an tseirbhís poist uilechoiteann ach amháin i gcás nach bhfuil aon iomaíocht éifeachtach ann. Toradh eile atá ar iomaíocht éifeachtach is ea go soláthraítear seirbhísí ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus roghanna.

7.2 Tá sé mar chuspóir reachtúil ag ComReg forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus forbairt na hiomaíochta agus na nuálaíochta sa mhargadh le haghaidh soláthar seirbhíse poist a éascú. Dá bhrí sin, is é an Rún Straitéiseach go gcuirfí forbairt na hearnála poist chun cinn, agus é mar chuspóir leis go mbeadh earnáil poist ann a sholáthraíonn seirbhísí ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus roghanna.

| **Rún Straitéiseach 3** | **Earnáil poist a sholáthraíonn seirbhísí ar ardchaighdeán, nuálaíocht agus roghanna** |
|---|---|
| ***Cén chuma atá air sin?*** | • Is féidir le húsáideoirí seirbhíse poist leas a bhaint as soláthraithe seirbhíse poist iomaíocha<br>• Tugann soláthraithe seirbhíse poist iomaíocha nuálaíochtaí leo chuig an earnáil ó thaobh téarmaí seirbhísí de agus ó thaobh próiseas de, rud a théann chun tairbhe d'úsáideoirí seirbhíse poist |

7.3 Chuige sin, is mar a leanas atá spriocanna ComReg sa tréimhse atá le teacht:

## Sprioc 7: Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn trí thaighde, sonraí agus faisnéis a sholáthar

7.4 Tá sé tábhachtach go bhfuil sonraí agus faisnéis ann faoin earnáil poist. Baineann ríthábhacht le heolas ar fhorbairtí san earnáil chun a chinntiú:

- go leanann sí le dul chun tairbhe do gach úsáideoir, idir thomhaltóirí agus ghnólachtaí;
- go dtuigeann gach duine na hathruithe atá os comhair na hearnála;
- gur féidir le ComReg a chuid dualgas agus oibleagáidí rialála a chomhlíonadh i gceart;
- gur féidir le ComReg faisnéis a chomhroinnt leis an gCoimisiún Eorpach agus le ERGP[59].

7.5 Dá bhrí sin, leanfaidh ComReg leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- taighde ar an earnáil poist in Éirinn a choimisiúnú agus a fhorbairt chun tairbhe don earnáil poist[60];
- sonraí poist agus staitisticí poist a bhailiú agus a chóimheas don Choimisiún Eorpach agus do ERGP. Foilsítear na sonraí sin chun tairbhe don earnáil poist, i gcás nach bhfuil sonraí rúnda i gceist leo[61].

7.6 Leanfaidh ComReg le hidirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí maidir le taighde, sonraí agus faisnéis i dtaca leis an earnáil poist a fháil agus a chomhroinnt.

Leanfaidh ComReg le hidirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí

59 Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Poist (ERGP) – féach https://ec.europa.eu/growth/sectors/postal-services/ergp_en. Bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn ComReg agus rialálaithe Eorpacha eile í, foilsíonn ERGP faisnéis faoi phríomhtháscairí mhargadh poist na hEorpa, agus treochtaí agus príomhfhorbairtí san earnáil á sainaithint aige freisin.
60 Taighde Poist | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie)
61 Faisnéis agus Staitisticí an Choimisiúin Eorpaigh | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie)

## Sprioc 8: Forbairt na hearnála poist a éascú trínár sainchúram dlíthiúil a chomhlíonadh

7.7 Chun earnáil seirbhísí poist atá iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt, tá sé tábhachtach gur féidir le gach soláthraí seirbhíse poist dul in iomaíocht ar bhonn cothrom chun a chinntiú gur féidir le húsáideoirí seirbhíse poist na tairbhí is mó is féidir a ghnóthú ó thaobh roghanna, praghsanna agus cáilíochta de.

7.8 Mar rialálaí earnála, éascaíonn ComReg an obair sin trí ghníomhú de réir a shainchúraim dhlíthiúil. Nuair is gá agus is cuí, áirítear na nithe seo a leanas leis an sainchúram dlíthiúil sin:

- idirchaidreamh a dhéanamh le CCPC agus cabhrú leis i gcás go dtagann saincheisteanna dlí iomaíochta chun cinn, ós rud é nach bhfuil cumhachtaí faoin dlí iomaíochta ag ComReg san earnáil poist, murab ionann is an earnáil cumarsáide leictreonaí a rialálann ComReg í;
- aon díospóidí maidir le rochtain ar an líonra poist de chuid soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne a réiteach;
- rochtain a cheadú ar bhonneagar poist, amhail boscaí postoifige, boscaí seachadta, postchóid nó seoltaí, nó ar shocruithe a rinneadh le páirtithe eile le haghaidh sholáthar aon seirbhíse;
- a chinntiú nach ndéanann an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne tras-fhóirdheonú, mar shampla trí chostais bheartán tráchtála a leithdháileadh go míchothrom nó go mícheart ar na seirbhísí poist uilechoiteanna rialáilte. D'eisigh ComReg Ordachán Cuntasaíochta[62] chuig An Post chun an riosca sin a íoslaghdú, agus cinnteoidh ComReg go gcloífidh An Post leis an Ordachán sin.

7.9 Teastaíonn cinnteacht rialála freisin chun earnáil seirbhísí poist atá iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt. Le linn dó rialacháin a dhéanamh, leanfaidh ComReg le cinnteacht rialála a sholáthar trí dhul i gcomhairle ar na tograí agus tríd an amscála le haghaidh gníomhartha beartaithe ComReg a sholáthar i bplean gníomhaíochta bliantúil ComReg.

7.10 Dá ainneoin sin, is amhlaidh, thar thréimhse feidhme na Straitéise seo, go mbeidh roinnt éiginnteachta ann toisc gur faoi athbhreithniú a bheidh an Treoir Eorpach lena socraítear an sainchúram i leith rialáil poist. Cinnfear leis an athbhreithniú sin an méid is gá an Treoir a athrú.

7.11 Tá tuairimí difriúla ann i dtaobh an gá an Treoir a athrú: cé go bhfuil rialálaithe ag iarraidh cur chuige úrnua bunúsach[63], ní mheasann soláthraithe seirbhíse poist uilechoiteanna náisiúnta[64] gur gá cur chuige úrnua bunúsach.

7.12 Tá sé soiléir go mbeidh tábhacht ar leith ag baint le rannpháirtíocht ComReg in ERGP thar an tréimhse.

7.13 Maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil, chuir An Post in iúl go bhfuil ról ann do ComReg i dtacú leis an earnáil poist a aistriú chuig bonn níos inbhuanaithe. Ní fhéadfaidh ComReg gníomhú ach de réir a shainchúraim dhlíthiúil féin. Tugann ComReg an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021[65], dá aire agus déanfaidh sé, de réir mar is gá agus a mhéid is indéanta, na feidhmeanna reatha atá aige a chomhall i gcomhréir leis na ceanglais atá ar áireamh san Acht sin.

62 https://www.comreg.ie/publication/universal-postal-service-accouting-obligations-2017-accounting-direction/
63 Tuairim ó ERGP ar an athbhreithniú ar an gcreat rialála do sheirbhísí poist – https://ec.europa.eu/docsroom/documents/36162/attachments/2/translations/en/renditions/native
64 Rinne An Post an aighneacht seo chuig an nGairm Ionchur freisin: *"I gcomhthéacs na meastóireachta leanúnaí atá á déanamh ag an gCoimisiún Eorpach ar an Treoir maidir le Seirbhísí Poist, níl An Post den tuairim gur gá creat rialála poist nua ("cur chuige úrnua")."*
65 An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 (irishstatutebook.ie)

## Sprioc 9: Forbairt na hearnála poist a éascú trí shainchúraimí eile a dhéanann difear don earnáil poist a bhreithniú

7.14 Is ann do roinnt creataí rialála difriúla agus tograí difriúla ina leith sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don earnáil poist nó atá ag déanamh difear don earnáil poist. Cé nach bhfuil aon sainchúram ar ComReg ina leith sin, déanfaidh sé dianiarracht eolas a thabhairt do pháirtithe eile agus comhoibriú leo i gcás go measann sé go bhfuil ról aige mar gheallsealbhóir toisc go ndéanann a sainchúraimí difear don earnáil poist[66]. Measann ComReg go mbeidh na nithe seo a leanas tábhachtach sa tréimhse:

**ÁBHAIR DHLÍ IOMAÍOCHTA:**

7.15 Mar thoradh ar dhinimic iomaíoch athraitheach na hearnála beartán in Éirinn, áit a bhfuil iomaíocht mhéadaithe agus iontrálaithe nua ann, tá seans ann gur mó an dóchúlacht go dtiocfaidh saincheisteanna dlí iomaíochta chun cinn sa todhchaí. Soláthraíonn margaí dea-fheidhmiúla torthaí barrmhaithe ó thaobh praghsanna, cáilíochta, roghanna agus nuálaíochta de. Dá bhrí sin, ní mór an iomaíocht a chosaint agus a chinntiú.

7.16 Ós rud é nach bhfuil cumhachtaí faoin dlí iomaíochta ag ComReg san earnáil poist, déanfaidh ComReg idirchaidreamh le CCPC agus cabhróidh sé leis i gcás go dtagann saincheisteanna dlí iomaíochta chun cinn.

**SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA:**

7.17 Mar a chuir An Post in iúl: *"...an idirghníomhaíocht idir an creat rialála poist agus an Ionstraim bheartaithe um Margaí Digiteacha agus an Ionstraim bheartaithe um Sheirbhísí Digiteacha. Ag comhoibriú dó le gníomhaireachtaí rialála Éireannacha eile amhail an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, tá ról tábhachtach le himirt ag ComReg i bhforbairt na reachtaíochta Eorpaí tábhachtaí sin. Ós rud é go mbíonn teorainneacha earnála ag éirí níos doiléire agus gur tábhachtach fós atá oibleagáid seirbhíse poist uilechoitinne d'ainneoin na méideanna laghdaitheacha poist, is gá go n-éistear le tuairimí ionadaí láidir don phost agus go gcabhraíonn sé le timpeallacht reachtach na todhchaí a mhúnlú."*

7.18 Leanfaidh ComReg le hionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn maidir le rialáil poist san Eoraip trínár rannpháirtíocht in ERGP. Chuige sin, thug ERGP freagra ar chomhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh ar an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha[67] agus leanfaidh ComReg lena rannpháirtíocht trí ERGP.

**INBHUANAITHEACHT COMHSHAOIL:**

7.19 San aighneacht uaidh, mhol An Post go dtabharfaí spriocanna comhshaoil isteach le haghaidh gach oibritheora seachadta. Tacaíonn Chambers Ireland leis an moladh sin.

7.20 Aithnítear go bhfuil tionchar ag an méadú sa líon seachadtaí beartán ar spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil, mar shampla astaíochtaí carbóin agus tosca geilleagair chiorclaigh. Tá oibritheoirí seachadta beartán i mbun gnímh cheana féin agus ag lorg tuilleadh dóigheanna ar féidir leo freagairt do dhúshlán na hinbhuanaitheachta comhshaoil.

7.21 Níl sainchúram ar ComReg ina leith sin i láthair na huaire ar na cúiseanna seo:

- Níl forálacha maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil ar áireamh sa Rialachán maidir le Beartáin Eorpacha Trasteorann.

66 Is ann do shainchúraimí eile ar ina leith nach bhfuil sainchúram ar ComReg mar gheallsealbhóir agus nach bhfuil ról aige mar gheallsealbhóir. Mar shampla, ní bheidh baint ag ComReg le hábhair dhlí saothair má thagann siad chun cinn i seirbhísí poist.

67 https://ec.europa.eu/docsroom/documents/43744

- Sa Treoir Eorpach maidir le Seirbhísí Poist, is ann do cheanglais bhunriachtanacha lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil a bhreithniú. Níor trasuíodh na bunriachtanais sin san Acht Poist agus, mar sin de, níl feidhm acu maidir le "soláthraithe seirbhíse poist". Ní "soláthraithe seirbhíse poist" iad a lán oibritheoirí seachadta beartán, áfach.

7.22 Is féidir go n-athrófar an staid thuas má leasaítear an Treoir maidir le Seirbhísí Poist. Chuige sin, beidh rannpháirtíocht ComReg in ERGP tábhachtach maidir le haon athruithe ar an sainchúram sa todhchaí.

7.23 Dá ainneoin sin, déanfaidh ComReg a shainchúram reatha a chomhall i gcomhréir leis na ceanglais atá ar áireamh san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021[68].

68 An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 (irishstatutebook.ie)

# IARSCRÍBHINN 1: RÓL AGUS MISEAN, FÍS AGUS LUACHANNA COMREG

## Ról agus Misean ComReg

Is é ról ComReg a chinntiú go bhfeidhmíonn na margaí cumarsáide ar mhaithe leis na húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí.

Trí rialáil éifeachtach agus ábhartha, déanaimid an fhorbairt ar earnáil cumarsáide iomaíoch in Éirinn a éascú, earnáil a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht, agus a thugann cumhacht do thomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

## Fís ComReg don earnáil cumarsáide

Go mbeadh rochtain inacmhainne, ardchaighdeáin agus fhorleathan ag tomhaltóirí agus gnólachtaí in Éirinn ar sheirbhísí agus feidhmchláir chumarsáide shlána a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha.

## Luachanna ComReg

- Ionracas
- Neamhchlaontacht
- Éifeachtacht
- Sármhaitheas
- Trédhearcacht

Commission for
**Communications Regulation**
An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**